Comhairle na nDochtúirí Leighis
Medical Council

# Tuarascáil Bhliantúil

# &

# Ráitis Airgeadais

# 2013

# Clár


| | |
|---|---|
| Ráiteas ó Uachtarán na Comhairle | 4 |
| Athbhreithniú ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin | 5 |
| Ról agus Feidhmeanna Chomhairle na nDochtúirí Leighis | 6 |
| Luachanna | 7 |
| Fís | 7 |
| Misean | 7 |
| Comhaltaí na Comhairle | 8 & 9 |
| Buaicphointí Straitéiseacha agus Príomhchuspóirí | |
| Cuspóir Straitéiseach a hAon | 10 – 12 |
| Cuspóir Straitéiseach a Dó | 13 – 15 |
| Cuspóir Straitéiseach a Trí | 16 & 17 |
| Cuspóir Straitéiseach a Ceathair | 18 – 22 |
| Cuspóir Straitéiseach a Cúig | 23 – 25 |
| Cuspóir Straitéiseach a Sé | 26 & 27 |
| Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013 | 28 – 54 |
| Aguisín A | 55 & 56 |
| Aguisín B | 57 – 59 |
| Aguisín C | 60 – 69 |
| Aguisín D | 70 |

# Ráiteas ó Uachtarán na Comhairle



De réir alt 16 d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007, is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle na nDochtúirí Leighis don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 a chur faoi bhur mbráid.

Bhí an Chomhairle ag díriú arís in 2013 ar theagmháil agus ar chomhoibriú leis an bpobal, leis na gairmithe leighis agus leis na heagraíochtaí comhpháirtíochta. Tháinig téarma cúig bliana na Comhairle chun críche i mí na Bealtaine, agus ba mhaith liom an Chomhairle a chuaigh as oifig a mholadh, go háirithe an tUachtarán, an tOllamh Kieran Murphy, as ucht a cuid oibre ó thaobh an timpeallacht rialála in Éirinn a neartú i gcaitheamh a téarma.

Sa chéad sé mhí dár dtéarma cúig bliana bhíomar ag cinneadh ár straitéise trí bheith ag éisteacht go géar agus ag aimsiú cothromaíochta idir tuairimí na gairme a rialálaimid agus tuairimí an phobail agus na n-othar a ndéanaimid freastal orthu. Cuireadh straitéis na Comhairle do 2014-2018 faoi bhráid an Aire Sláinte ag deireadh 2013, straitéis a bhfuil sé mar aidhm léi sábháilteacht na n-othar in Éirinn a fheabhsú le linn na gcúig bliana seo romhainn. Beidh an fhís nua seo, an misean nua seo agus na luachanna nua seo ag teacht le ról na Comhairle sa lá atá inniu ann. Tá struchtúr nua rialachais cruthaithe againn, struchtúr a thabharfaidh an tacaíocht is fearr dúinn, creidimid, ó thaobh an straitéis seo a chur i bhfeidhm.

Cé gur mar gheall ar a cuid oibre ó thaobh gearáin faoi dhochtúirí a láimhseáil is fearr atá aithne ag daoine ar an gComhairle, is cúis áthais dom go leagann an tuarascáil seo béim ar na snáitheanna iomadúla eile oibre a fhéachann le líon na gcásanna sin a laghdú.


Beidh an Chomhairle ag díriú ar oideachas agus ar oiliúint dochtúirí mar chroíchuspóir sna blianta amach romhainn, ag cinntiú go ndéanfar caighdeáin an dea-chleachtais ghairmiúil a chur in iúl go soiléir agus a neadú ag gach céim d'oideachas na ndochtúirí.

I mí na Samhna, d'óstáil an Chomhairle an dara Siompóisiam Oideachais agus Oiliúna dá cuid, "From Student to Specialist – Paving the Path to Professionalism", chun plé ar fhobairt dhochtúirí na todhchaí a éascú. Bíonn imeachtaí den sórt sin tábhachtach ó thaobh tuairimí na Comhairle a mhúnlú mar go gcuireann siad fóram ar fáil le haghaidh léargais idirnáisiúnta mar aon le tuairimí na saineolaithe ón tír seo.

I bhfianaise an chéad sé mhí de théarma na Comhairle, is léir go bhfuil a lán dea-oibre á déanamh chun an ghairmiúlacht i gcúrsaí leighis in Éirinn a fheabhsú. Ní mór leanúint de bheith ag díriú ar an réimse seo, áfach, le go bhfaighidh othair an t-ardchaighdeán cúraim atá ag dul dóibh. Agus muid ag tabhairt faoinár Ráiteas Straitéise a chur i ngníomh in 2014, tá mé ag tnúth le ról ceannaireachta a bheith á ghlacadh ag an gComhairle ó thaobh caighdeáin an chleachtais a fheabhsú.

Cuireann ról na Comhairle le hobair a lán eagraíochtaí comhpháirtíochta, agus ní féidir linn bheith éifeachtach gan dlúth-chomhoibriú. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do na dlúthchaidrimh oibre atá fós againn leis an Roinn Sláinte, le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, le grúpaí ionadaíochta othar, le comhlachtaí oiliúna leighis iarchéime, le scoileanna leighis, le hionadaithe thar ceann na gairme agus le comhlachtaí rialála eile. Tá mé ag tnúth leis na caidrimh sin a neartú le linn na mblianta atá amach romhainn.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach comhalta den Chomhairle, iad sin a chuaigh as oifig agus iad sin atá ar an gComhairle nua, as ucht an méid a rinne siad i gcaitheamh 2013. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leis an Leas-Uachtarán, Audrey Dillon, le gach cathaoirleach coiste, leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Caroline Spillane, agus le foireann uile Chomhairle na nDochtúirí Leighis as ucht a gcuid iarrachtaí chun sábháilteacht othar in Éirinn a fheabhsú.



**An tOllamh Freddie Wood**

Uachtarán

# Athbhreithniú ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin



Is cúis áthais dom ár dtuarascáil le haghaidh 2013 a chur i láthair, tuarascáil ina dtugtar achoimre ar ár gcuid gníomhaíochtaí i gcaitheamh na bliana, bliain thábhachtach inar baineadh mórán amach. Buaicphointe na bliana ná forbairt an Ráitis Straitéise nua.

Leanamar de chlár dearbhaithe cáilíochta an oideachais leighis agus na hoiliúna leighis in Éirinn. Ag deireadh na bliana, bhí 12 de na 13 chomhlacht oiliúna leighis iarchéime measúnaithe agus faofa go foirmiúil.

Rinneadh ár bpróiseas creidiúnúcháin a thagarmharcáil go hidirnáisiúnta agus ba é an toradh a bhí air sin ná go bhfuil sé inchomparáide leis na Stáit Aontaithe; is é seo an tríú huair a rinneadh measúnú ar an gComhairle sa mheasúnú idirnáisiúnta seo.

Ó tharla gur muide a choimeádann clár na ndochtúirí leighis, táimid in ann faisnéis chuimsitheach ar dhochtúirí in Éirinn a sholáthar, rud a chabhraíonn le lucht déanta beartas, le fostóirí agus le heagraíochtaí comhpháirtíochta eile. D'fhoilsigh an Chomhairle a céad Tuarascáil Faisnéise ar an bhFórsa Saothair Leighis i mí Iúil 2013. Soláthraíonn sí sin faisnéis ar chomhdhéanamh an chláir agus an fhórsa saothair leighis, ar threochtaí sa speisialú agus ar phríomhthréithe na ndochtúirí atá ag obair in Éirinn.

Lena chinntiú go mbeadh trédhearcacht ann agus go mbeadh tuiscint againn ar ár ról agus ar ár sainchúram, bhíomar ag díriú arís ar ghníomhaíochtaí cumarsáide agus, den chéad uair riamh, thug níos mó ná 500,000 duine ar fud an domhain cuairt ar ár suíomh gréasáin.

Leanaimid de bheith ag bainistiú an phróisis gearán ar bhealach atá éifeachtach, cóir agus trédhearcach d'fhonn an pobal a chosaint. Tá an Chomhairle ag iarraidh go dtiocfaidh feabhas ar an gcaoi a láimhseáiltear imní faoi dhochtúirí i ngach réimse den chóras sláinte ionas go ndéileálfar le himní othar ag an leibhéal cuí agus ar an modh cuí. Beimid ag díriú i mbliana (2014) ar chreataí a bhunú le fostóirí mar chéim i dtreo an aidhm sin a bhaint amach.

Faoi mar a bhímid ag súil le hardchaighdeáin uathu siúd a rialálaimid, ba chóir bheith ag súil le hardchaighdeáin uainn féin inár gcuid oibríochtaí. De réir dea-chleachtas sa rialachas, rinneadh an chéad Iniúchadh ar Rialachas Corparáideach in 2013. Bhí na torthaí dearfach agus níor tuairiscíodh aon ní suntasach. Cuireadh tús i gcaitheamh na bliana le tionscadal feabhsaithe próiseas gnó. Bhíothas ag díriú i dtosach ar ár gcuid nósanna imeachta clárúcháin a fheabhsú ar bhealach is féidir a thomhas. Beidh an obair seo ag leanúint ar aghaidh in 2014.

Bhí mo chuid comhghleacaithe ag an gComhairle fós ag díriú ar ár straitéis a chur i ngníomh agus ar bhonn eolais a chur faoi fhorbairt ár dtreo straitéisigh nua le haghaidh 2014 agus na mblianta ina dhiaidh sin. Agus muid ag tabhairt faoin bpróiseas sin, bhí tuairimí eagraíochtaí a bhfuil baint acu lenár gcuid oibre ríthábhachtach, agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht a thug oifigigh sa Roinn Sláinte dúinn, chomh maith lenár gcuid comhghleacaithe i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, comhlachtaí oiliúna leighis iarchéime, scoileanna leighis, ionadaithe othar agus ionadaithe dochtúirí, as ucht a gcuid rannpháirtíochta agus comhoibrithe leanúnaigh i rith na bliana.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí na Comhairle as ucht a gcuid tacaíochta inár gcuid oibre i gcaitheamh 2013, go háirithe an tUachtarán agus an Leas-Uachtarán, an tOllamh Freddie Wood agus an Dr Audrey Dillon, agus na daoine a tháinig rompu, an tOllamh Kieran Murphy agus an Dr Anna Clarke. Tá na forbairtí a tharla i gcaitheamh 2013 tar éis cabhrú linn feabhsú mar eagraíocht, agus tá mé ag tnúth le tuilleadh dul chun cinn in 2014 agus muid ag tabhairt faoin Ráiteas Straitéise nua a chur i ngníomh ar mhaithe le sábháilteacht othar.



**An tUasal Caroline Spillane**

Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin

# RÓL AGUS FEIDHMEANNA CHOMHAIRLE NA nDOCHTÚIRÍ LEIGHIS

Is faoi **Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978** (arna thabhairt cothrom le dáta in **2007**) a bunaíodh Comhairle na nDochtúirí Leighis. Is iad seo na príomhfheidhmeanna atá ag an gComhairle:

- **Clár na liachleachtóirí a bhunú agus a choimeád**
- **Caighdeáin le haghaidh oideachas agus oiliúint fochéime, intéirneach agus iarchéime a leagan síos agus monatóireacht a dhéanamh orthu**
- **Na caighdeáin a shonrú is gá chun inniúlacht ghairmiúil liachleachtóirí cláraithe a chothabháil, agus athbhreithniú a dhéanamh orthu**
- **Caighdeáin chleachtais a shonrú le haghaidh liachleachtóirí cláraithe, lena n-áirítear treoir a sholáthar maidir le gach ní a bhaineann le hiompar gairmiúil agus eitic ghairmiúil**
- **Nósanna imeachta maidir le haraíonacht a chur i gcrích**

## Roinnt fíricí agus figiúirí

| | |
|---|---|
| **530,868** | Líon na gcuairteanna ar ár suíomh gréasáin in 2013 |
| **1,575** | Líon na ndochtúirí nua a cláraíodh in 2013 |
| **58** | An meánlíon fostaithe i gcaitheamh 2013 |
| **3** | Líon na ndochtúirí in aghaidh gach 1,000 duine in Éirinn |

# STRAITÉIS NA COMHAIRLE 2010-2013

## Is iad seo príomhluachanna Chomhairle na nDochtúirí Leighis

1. **Is é is príomhchúram dúinn ná cinnte a dhéanamh de gur ar mhaithe le leas an phobail a bhíonn ár gcuid gníomhaíochtaí i gcónaí agus go mbíonn siad dírithe ar na hothair i gcónaí.**

2. **Is eagraíocht fhorásach muid agus bímid i gcónaí ag iarraidh feabhas a chur ar an gcaoi a n-oibrímid.**

3. **Bímid oscailte agus trédhearcach inár gcuid próiseas agus gníomhartha.**

4. **Féachaimid i gcónaí le seirbhísí éifeachtacha a sheachadadh ar bhealach chomh héifeachtúil agus is féidir.**

5. **Caithimid le gach duine le meas agus le dínit.**

6. **Comhlíonaimid ár gcuid dualgas ar bhealach cóir cothromasach.**

## Fís:

Seo fís Chomhairle na nDochtúirí Leighis:

**Cinntítear sábháilteacht othar agus muinín an phobail trí dhochtúirí den scoth a bheith ag cloí leis na caighdeáin is airde.**

## Misean:

Seo misean Chomhairle na nDochtúirí Leighis:

**An pobal a chosaint trí na caighdeáin ghairmiúla is airde a chur chun cinn agus a chinntiú i measc dochtúirí.**

# COMHALTAÍ NA COMHAIRLE



An tOllamh
Freddie Wood



An Dr
Audrey Dillon



An Dr
John Barragry



An Dr
Anthony Breslin



An tUasal
Katharine Bulbulia



An tUasal
Declan Carey



An tUasal
Anne Carrigy



An Dr
Seán Curran



An Dr
Rita Doyle



An tUasal
Mary Duff



An tOllamh
Fidelma Dunne



An Dr
Bairbre Golden



An Dr
Ruairí Hanley



An tUasal
Seán Hurley



An tOllamh
Alan Johnson



An tUasal Marie
Kehoe-O'Sullivan



**An tOllamh**
**Mary Leader**



**An Comhairleoir**
**Sally Mulready**



**An tUasal**
**Margaret Murphy**



**An tUasal**
**John Nisbet**



**An tOllamh**
**Colm O'Herlihy**



**An Dr**
**Michael Ryan**



**An tUasal**
**Cornelia Stuart**



**An Dr**
**Consilia Walsh**



**An tUasal**
**Catherine Whelan**

# BUAICPHOINTÍ STRAITÉISEACHA AGUS PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ 2013

## *Cuspóir Straitéiseach 1:*

Caighdeáin a leagan síos le haghaidh oideachas, oiliúint, iompar agus eitic leighis, agus monatóireacht a dhéanamh orthu

- **Faoi dheireadh 2013, bhí 12 de na 13 chomhlacht oiliúna leighis iarchéime measúnaithe agus faofa go foirmiúil**
- **D'éirigh le 123 dochtúir ó lasmuigh den AE i scrúduithe réamhchlárúcháin cliniciúla na Comhairle**

### Buaicphointí na bliana 2013

- **Óstáladh an dara Siompóisiam Oideachais agus Oiliúna chun plé ar fhorbairt dhochtúirí na todhchaí a éascú.**
- **Foilsíodh Tuarascáil ar Dhul chun Cinn san Oideachas Leighis, san Oiliúint Leighis agus sa Chleachtas Leighis in Éirinn, tuarascáil ina dtugtar achoimre ar na príomhrudaí a fuarthas amach ó na cúig bliana seo caite de ghníomhaíocht dearbhaithe cáilíochta na Comhairle sa réimse seo.**
- **Den chéad uair riamh, chreidiúnaigh Comhairle na nDochtúirí Leighis Comhlachtaí Oiliúna Iarchéime a chuireann sainoiliúint ar fáil in Éirinn.**

## Dearbhú cáilíochta agus comparáidí idirnáisiúnta

Lean Comhairle na nDochtúirí Leighis dá clár dearbhaithe cáilíochta i gcás na naoi gclár leighis fochéime a chuirtear ar fáil in Éirinn. Is iad na coláistí seo a leanas a chuireann na cláir ar fáil: Coláiste na hOllscoile Corcaigh; an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Ollscoil Luimnigh; Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn; agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Cuireadh tús le próiseas tuairisceán bliantúil chun súil a choinneáil ar athruithe suntasacha, ar nuálaíochtaí suntasacha agus ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ó thaobh moltaí na Comhairle maidir le creidiúnú a chomhlíonadh.

Chun aghaidh a thabhairt ar dhualgais Chomhairle na nDochtúirí Leighis faoin Acht Anatamaíochta, rinneadh cigireacht ar shaoráidí anatamaíochta i scoileanna leighis in Éirinn, agus rinneadh monatóireacht ar chaighdeán ar bhonn leanúnach. Polasaithe agus próisis na Comhairle ó thaobh caighdeáin oideachais agus oiliúna ag leibhéal fochéime a leagan síos agus monatóireacht a dhéanamh orthu, tomhaiseadh iad le hais an dea-chleachtais idirnáisiúnta in 2013. Tar éis próiseas athbhreithnithe, fuarthas faomhadh ó Roinn Oideachais na Stát Aontaithe á dhearbhú go raibh caighdeáin Chomhairle na nDochtúirí Leighis inchomórtais leis na caighdeáin a úsáidtear chun scoileanna leighis sna Stáit Aontaithe a chreidiúnú. Ba é seo an tríú huair arbh é an toradh a bhí ar an measúnú idirnáisiúnta seo ná go raibh polasaithe agus próisis Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar ardchaighdeán.

Foilsíodh Tuarascáil ar Dhul chun Cinn san Oideachas Leighis, san Oiliúint Leighis agus sa Chleachtas Leighis in Éirinn, tuarascáil ina dtugtar achoimre ar na príomhrudaí a fuarthas amach ó na cúig bliana seo caite de ghníomhaíocht dearbhaithe cáilíochta na Comhairle ag leibhéal fochéime, intéirneach agus iarchéime. Déantar cur síos ar roinnt príomhthéamaí eile sa tuarascáil, lena n-áirítear an tionchar ar shuíomhanna cliniciúla atá ag cláir iontrála do chéimithe, ag an gcuraclam náisiúnta nua d'intéirnigh agus ag measúnú na Comhairle ar chaighdeán na hoiliúna d'intéirnigh.

## Gníomhaíocht maidir le creidiúnú iarchéime

In 2013, mar chuid dá clár chun caighdeáin a leagan síos agus monatóireacht a dhéanamh orthu, creidiúnaíodh ceithre cinn de na 13 chomhlacht oiliúna leighis iarchéime a chuireann sainoideachas leighis ar fáil, mar aon le cláir sainoiliúna a bhaineann leo. Comhlachtaí a chuireann níos mó ná clár amháin ar fáil, measúnaíodh iad le hais clár oiliúna táscach amháin. Bhí na comhlachtaí agus na cláir sin aitheanta ag an gComhairle faoi reachtaíocht a bhí ann roimhe seo agus, idir 2011 agus 2013, measúnaíodh go foirmiúil iad de réir chaighdeáin chreidiúnúcháin na Comhairle le haghaidh oideachas agus oiliúint iarchéime. Leanadh in 2013 de mheasúnú na Comhairle ar dhisciplíní leighis atá ag iarraidh aitheantais mar speisialtachtaí leighis taobh istigh d'fhorálacha Acht na Lia-Chleachtóirí 2007. Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2013 ar iarratais ar aitheantas i dtaca leis na disciplíní Leigheas Dianchúraim, Nua-naíocht agus Leigheas Péine, agus táthar ag súil leis go ndéanfar na trí dhisciplín sin a fhaomhadh mar speisialtachtaí leighis, agus go gcuirfear leis an gclár iad, in 2014.

## Cur chun cinn na gairmiúlachta

Reáchtáladh siompóisiam oideachais agus oiliúna, 'From Student to Specialist – Paving the Path to Professionalism', i mí na Samhna chun gnéithe den ghairmiúlacht a phlé. Bhíothas ag díriú ar dhearcthaí ó lasmuigh den dlínse. I measc na rannpháirtithe bhí ceannairí scoileanna leighis agus comhlachtaí oiliúna leighis iarchéime, mic léinn leighis, oifigigh shláinte shinsearacha agus comhaltaí d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Chuir an siompóisiam deis ar fáil chun éisteacht le saineolaithe gradamacha idirnáisiúnta, smaointe a roinnt agus méara eolais a sholáthar le haghaidh gníomhaíochta amach anseo.



*Ag Siompóisiam Oideachais agus Oiliúna 2013 (ó chlé go deas):*

*An tOllamh Freddie Wood, Uachtarán; An Dr Anne Keane, Ceann an Oideachais agus na hOiliúna; An Dr John Jenkins, Uachtarán, An Cumann um Staidéar ar an Oideachas Leighis; An Dr Paul Kavanagh, Stiúrthóir na Forbartha Gairmiúla agus an Chleachtais Ghairmiúil; An Dr Anne Marie MacLellan, Leas-Rúnaí agus Stiúrthóir, Rannóg an Oideachais Leighis, Collège des Médecins du Québec, Ceanada; An tUasal Caroline Spillane, POF; An Dr Audrey Dillon, Leas-Uachtarán.*

## An próiseas chun iarratasóirí a cháiligh lasmuigh d'Éirinn a mheasúnú agus a chlárú

D'fhonn sábháilteacht othar in Éirinn a chinntiú, éilíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis ar gach dochtúir caighdeáin shainithe cleachtais a chomhlíonadh. Laistigh den Aontas Eorpach, cinntíonn reachtaíocht saoirse gluaiseachta go n-aithnítear go huathoibríoch na cáilíochtaí ó bhallstáit eile atá ag dochtúirí. In 2013, cláraíodh 1,132 dochtúir ó laistigh den Aontas Eorpach (Éire san áireamh) leis an gComhairle den chéad uair. I gcás dochtúirí ó lasmuigh den Aontas Eorpach, ní mór dóibh pas a fháil i scrúduithe clárúcháin Chomhairle na nDochtúirí Leighis, nó díolúine a bheith acu ó na scrúduithe sin. In 2013, cláraíodh 443 dochtúir ó lasmuigh den Aontas Eorpach den chéad uair.

Sula gcláraítear iad, cuirtear gach dochtúir faoi mheasúnú Leibhéal 1 agus fíoraítear a gcáipéisíocht. Éilítear ar iarrthóirí incháilithe ansin tabhairt faoi Leibhéal 2 agus 3 de chóras scrúdaithe réamhchlárúcháin na Comhairle, ach amháin sa chás go mbíonn díolúine acu.

| **Scrúduithe réamhchlárúcháin** | **Líon iomlán a rinne an scrúdú in 2013** | **Pasráta** |
|---|---|---|
| Leibhéal 2 (Scrúdú déanta ar ríomhaire) | 374 | **55%** |
| Leibhéal 3 (Scrúdú scileanna cliniciúla) | 180 | **68%** |

# BUAICPHOINTÍ STRAITÉISEACHA AGUS PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ 2013

## *Cuspóir Straitéiseach 2:*

Tacaíocht a thabhairt do dhochtúirí chun a gclárúchán a bhaint amach agus a choimeád

- **Dochtúirí i rannán na speisialtóirí a bhí in 41.7% de na dochtúirí ar an gclár leighis ag deireadh 2013 i gcomparáid le 32% sa bhliain 2009**
- **45 – Líon na ndochtúirí a fuair tacaíocht ón gCoiste Sláinte in 2013**

### Buaicphointí na bliana 2013

- **Dearadh, forbairt agus cur i ngníomh creat feabhsúcháin leanúnaigh chun tacú le tóraíocht na sármhaitheasa oibriúcháin ó thaobh clárúcháin de.**
- **Athbhreithniú agus leasuithe ar na rialacha a rialaíonn iontráil sa Rannán Maoirsithe nua le go mbeidh rochtain níos sruthlíní ag iarratasóirí agus go mbeidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in ann níos mó úsáide a bhaint as.**
- **Is féidir le hOifig an Ombudsman athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmeanna clárúcháin anois agus, chun fócas ar chustaiméirí a chur chun cinn, forbraíodh cairt, rinneadh athmheas ar bheartas agus nós imeachta maidir le gearáin agus bunaíodh córais nua le haghaidh aiseolas ó chustaiméirí.**

## Creataí cuí clárúcháin

Is gné lárnach d'obair na Comhairle go mbeadh creataí cuí clárúcháin ann, lena chinntiú nach mbeidh sé de cheart ach ag dochtúirí atá cáilithe go cuí an leigheas a chleachtadh in Éirinn.

I gcaitheamh 2013, rinneadh athbhreithniú ar na riachtanais iontrála le haghaidh Rannán Maoirsithe an chláir. Cuimsíonn an rannán seo den chlár dochtúirí a bhfuil poist mhaoirsithe acu le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Na leasuithe a tháinig as sin, tá siad saincheaptha chun soláthar do rochtain níos sruthlíní ag iarratasóirí, mar aon le líon níos mó ainmniúchán ó FSS agus socruithe maoirseachta níos comhsheasmhaí.

In éineacht le rialtóirí agus údaráis leighis eile san Eoraip, bhí an Chomhairle réamhghníomhach i gcaitheamh phróiseas na leasuithe ar an Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla de chuid AE, treoir a cheadaíonn saoirse gluaiseachta le haghaidh gairmeacha. An aidhm a bhí ag an gComhairle ná cinnte a dhéanamh de go gcuireann na leasuithe le sábháilteacht othar ar fud na hEorpa. D'óstáil Comhairle na nDochtúirí Leighis cruinniú den Líonra Eorpach d'Údaráis Inniúla Leighis. Bhí an cruinniú sin ar siúl i gcaitheamh Uachtaránacht na hÉireann ar AE. Tháinig ionadaithe ó chúig thír déag ón Eoraip le chéile le haghaidh an chruinnithe seo chun na príomhdhúshláin d'údaráis inniúla leighis a phlé i bhfianaise na n-athruithe molta ar an reachtaíocht, reachtaíocht atá le bheith i bhfeidhm in 2015.

## Monatóireacht ar an gClár

Gach bliain, ní mór do dhochtúirí dul trí phróiseas iarratais coinneála chun a gclárúchán le Comhairle na nDochtúirí Leighis a choinneáil. Lena chinntiú go mbeidh faisnéis níos fearr maidir leis an bhfórsa saothair leighis ar fáil don Chomhairle, do lucht déanta beartas, d'fhostóirí agus d'eagraíochtaí comhpháirtíochta, foilsíodh an chéad Tuarascáil Faisnéise ar an bhFórsa Saothair Leighis in 2013. Tá sé i gceist go bhfoilseofar í sin ar bhonn bliantúil agus go soláthróidh sí faisnéis ar chomhdhéanamh an fhórsa saothair leighis, ar threochtaí sa speisialú agus ar phríomhthréithe na ndochtúirí atá ag cleachtadh in Éirinn, lena n-áirítear an tír inar bhain siad an cháilíocht amach, inscne agus aois.

| **Rannán den Chlár Leighis** | **%** | **Líon na nDochtúirí Cláraithe 31.12.13** |
|---|---|---|
| An Rannán Ginearálta | 41% | **7,423** |
| An Rannán Speisialtóirí | 42% | **7,567** |
| An Rannán Speisialtóirí faoi Oiliúint | 13% | **2,355** |
| Clárú Intéirneach | 4% | **788** |
| An Rannán Maoirsithe | 0% | **18** |
| Dochtúirí ar Cuairt ón Limistéar Eorpach Eacnamaíoch | 0% | **9** |
| **Iomlán** | 100% | **18,160** |

Tá sé ríthábhachtach monatóireacht a dhéanamh ar dhochtúirí a bhfuil coinníollacha ag baint lena gclárúchán, chun an clár leighis a chosaint. I mí na Nollag 2013, bhí coinníollacha ag baint lena gclárúchán i gcás 22 dochtúir; is iad Grúpa Monatóireachta na Comhairle a rinne maoirseacht ar chomhlíonadh na gcoinníollacha sin.

| **Grúpa Monatóireachta** | |
|---|---|
| Líon na ndochtúirí leis an nGrúpa Monatóireachta amhail an 31.12.2013 | **22** |
| Líon na ndochtúirí nua leis an nGrúpa Monatóireachta 2013 | **8** |
| Níl leis an nGrúpa Monatóireachta a thuilleadh in 2013 | **11*** |

**Tabhair faoi deara, le do thoil, nach bhfuil an figiúr seo san áireamh i líon na ndochtúirí leis an nGrúpa Monatóireachta amhail an 31.12.2013*

## Tacaíocht a thabhairt do dhochtúirí a bhfuil imní orthu faoina sláinte

Déanann Coiste Sláinte Chomhairle na nDochtúirí Leighis monatóireacht ar dhochtúirí a bhfuil míchumas liachta orthu nó a bhfuil fadhbanna sláinte acu agus tugann sé tacaíocht dóibh chun a gclárúchán a choimeád, chomh fada is nach bhfuil aon bhaol ann d'othair.

In 2013, fuair 45 dochtúir san iomlán tacaíocht ón gCoiste Sláinte. Ar na cúiseanna bhí míchumas meabhrach, mí-úsáid substaintí agus neamhord néareolaíoch.

| An Coiste Sláinte | |
|---|---|
| Líon na ndochtúirí leis an gCoiste Sláinte amhail an 31.12.2013 | **35** |
| Líon na ndochtúirí nua leis an gCoiste Sláinte 2013 | **9** |
| Scaoilte saor ón gCoiste Sláinte 2013 | **10*** |

**Tabhair faoi deara, le do thoil, nach bhfuil an figiúr seo san áireamh i líon iomlán na ndochtúirí leis an gCoiste Sláinte amhail an 31.12.2013* 

Tá staitisticí clárúcháin níos mionsonraithe le fáil in Aguisín B, agus foilseoidh Comhairle na nDochtúirí Leighis an dara Tuarascáil Faisnéise ar an bhFórsa Saothair Leighis in 2014

## *Cuspóir Straitéiseach 3:*

Na caighdeáin a leagan síos is gá chun inniúlacht ghairmiúil a chothabháil, agus monatóireacht a dhéanamh orthu

- **Aontaíonn 91% de dhochtúirí go dtéann gníomhaíochtaí inniúlachta gairmiúla chun tairbhe dóibh féin agus dá gcuid othar.**
- **Sholáthair comhlachtaí oiliúna 10,650 uair an chloig de ghníomhaíochtaí.**
- **Rinne dochtúirí 23,400 uair an chloig de ghníomhaíochtaí inniúlachta gairmiúla atá aitheanta ag comhlachtaí oiliúna.**

### Buaicphointí na bliana 2013

- **Rinneadh an chéad iniúchadh bliantúil ar chothabháil na hinniúlachta gairmiúla ag dochtúirí.**
- **Tugadh faoi athbhreithniú straitéiseach eatramhach ar shocruithe Chomhairle na nDochtúirí Leighis i leith chothabháil na hinniúlachta gairmiúla.**
- **Leanadh de nósanna imeachta nua a úsáid chun feidhmíocht a mheasúnú.**

## Cur i ngníomh scéimeanna inniúlachta gairmiúla agus athbhreithniú orthu

Tháinig riachtanais um fhoghlaim ar feadh an tsaoil i bhfeidhm in 2011, rud a chuir de cheangal dlíthiúil ar gach dochtúir a n-inniúlacht ghairmiúil a chothabháil trí ghníomhaíochtaí foghlama agus forbartha scileanna a dhéanamh gach bliain.

Rinneadh measúnú in 2013 ar na socruithe i dtaca le hinniúlacht ghairmiúil chun bonn eolais a chur faoi chinntí beartais na Comhairle sa réimse seo. Rinneadh taighde chun teacht ar thuairimí dochtúirí ar an inniúlacht ghairmiúil agus bhraith 91% díobh siúd ar cuireadh ceist orthu go dtéann na gníomhaíochtaí chun tairbhe dóibh féin agus dá gcuid othar.

Chun tacú le dochtúirí agus iad ag iarraidh na riachtanais a chomhlíonadh, forbraíodh roinnt físeán do shuíomh gréasáin Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Iniúchadh cliniciúil is ábhar do na físeáin seo ina dtugann saineolaithe sa réimse seo, an Dr Ian Callanan agus an Dr Niamh Macey, comhairle phraiticiúil mar fhreagra ar cheisteanna a chuireann dochtúirí go minic. Is féidir breathnú ar na físeáin sin ar shuíomh gréasáin Chomhairle na nDochtúirí Leighis, áit a bhfuil tacaíocht eile do dhochtúirí freisin.

Rinneadh an chéad iniúchadh ar dhochtúirí in 2013 lena dheimhniú go bhfuil siad ag comhlíonadh socruithe i dtaca le hinniúlacht ghairmiúil. Cuirfear i ngníomh é sin ar bhonn bliantúil chun muinín na n-othar agus na gairme a choimeád, an mhuinín go bhfuil dochtúirí ag comhlíonadh an dualgais reachtúil atá orthu.

| Soláthar gníomhaíochtaí | |
|---|---|
| Líon uaireanta an chloig de ghníomhaíochtaí a sholáthair an comhlacht aitheanta oiliúna iarchéime go díreach, Bealtaine 2012 – Aibreán 2013 (Iomlán agus mionroinnt de réir cúige) | 10649.5 |
| Cúige Laighean | 7107.5 |
| Cúige Mumhan | 1450 |
| Cúige Chonnacht | 1216.5 |
| Cúige Uladh | 875.5 |

| Aithint gníomhaíochtaí | |
|---|---|
| Líon uaireanta an chloig de ghníomhaíochtaí atá aitheanta ag an gcomhlacht aitheanta oiliúna iarchéime ó Bhealtaine 2012 – Aibreán 2013 (Iomlán agus mionroinnt de réir cúige) | 23399.75 |
| Cúige Laighean | 17253.25 |
| Cúige Mumhan | 3032.5 |
| Cúige Chonnacht | 1954.5 |
| Cúige Uladh | 1159.5 |

## Nósanna imeachta le haghaidh measúnú feidhmíochta

Mar chuid de na socruithe i leith inniúlacht ghairmiúil, sa chás go léirítear imní faoi fheidhmíocht leanúnach dochtúra, is féidir leis an gComhairle measúnú feidhmíochta a dhéanamh ar chleachtadh dochtúra. Measúnú ar an láthair ar fheidhmíocht dochtúra a bhíonn i gceist. Beirt oibrithe leighis agus ionadaí amháin thar ceann na n-othar a bhíonn ar an bhfoireann mheasúnúcháin. Déanann siad measúnú ar fheidhmíocht an dochtúra atá bunaithe ar an láithreán oibre agus baineann siad úsáid as modhanna measúnúcháin atá tagarmharcáilte in aghaidh an dea-chleachtais idirnáisiúnta. Cuireann an fhoireann tuarascáil i dtoll a chéile lena meas ag Comhairle na nDochtúirí Leighis, agus déanann an Chomhairle cinneadh ansin maidir leis an mbeart a chaithfidh an dochtúir a dhéanamh i ngach cás (má bhíonn aon bheart le déanamh).

## *Cuspóir Straitéiseach 4:*

Beart cuí a dhéanamh chun an pobal a chosaint sa chás nach gcomhlíonann cleachtóirí aonair na caighdeáin

- **Fuarthas 400 gearán i gcaitheamh 2013**
- **Rinneadh 39 Fiosrúchán um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh i gcaitheamh na bliana**

### Forbairtí 2013

- **Cúigear cásoifigeach de chuid Chomhairle na nDochtúirí Leighis a bhí sna chéad chéimithe riamh den Chlár Oiliúna Teistithe d'Imscrúdaitheoirí le hInstitiúid Chairte na nEadránaithe.**
- **I mí Eanáir thug an Ard-Chúirt breithiúnas in Akpekpe v Comhairle na nDochtúirí Leighis, Éire agus an tArd-Aighne. Maidir le forálacha in Acht na Lia-Chleachtóirí a bhaineann le smachtbhannaí i bhfoirm comhairle nó iomardú i ndiaidh cinneadh ón gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh, rialaigh an Chúirt go raibh siad bunreachtúil in ainneoin éagmais achomhairc.**
- **I mí na Samhna thug an Ard-Chúirt breithiúnas in Corbally v Comhairle na nDochtúirí Leighis, Éire agus an tArd-Aighne. Is é a rialaigh an Chúirt ná seo: d'fhonn cinneadh a dhéanamh ag Fiosrúchán um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh go raibh feidhmíocht ghairmiúil lag i gceist, go gcaithfear a dhearbhú go raibh an teip an-tromchúiseach i gcás eachtra aonair nó, i gcás sampla cóir d'obair an dochtúra, go léiríonn sé caighdeáin atá chomh híseal sin nach féidir glacadh leo.**

## Cinntiú go leanfar de phróisis gearán a chur ar fáil atá éifeachtach, cóir agus trédhearcach

Imscrúdaíodh gearáin i gcoinne dochtúirí cláraithe ar bhealach éifeachtúil agus trédhearcach arís in 2013 agus bainistíodh thart ar 400 gearán.

Chun tacú le himscrúdú cuimsitheach ar ghearáin, rinne cúigear cásoifigeach Clár Oiliúna Teistithe d'Imscrúdaitheoirí le hInstitiúid Chairte na nEadránaithe agus bhain siad an cháilíocht amach i mí an Mhárta. Chun tacú leis na cásoifigigh ina gcuid oibre, chuimsigh an clár réimsí ar nós dlí rialála, nósanna imeachta córa, teicnící imscrúdaitheacha agus agallóireachta, lena n-áirítear finnéithe leochaileacha a chur faoi agallamh, agus eitic mhíochaine.

# Críochnaíonn céimithe de chuid Chomhairle na nDochtúirí Leighis an chéad Chlár Oiliúna Teistithe d'Imscrúdaitheoirí riamh



I gcaitheamh na bliana rinneadh 39 Fiosrúchán um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh thar 67 lá. Chun bainistíocht éifeachtach an phróisis fiosrúcháin a chinntiú, reáchtáladh réamhchruinnithe chun cinneadh a dhéanamh roimh ré maidir le réamhcheisteanna. Tar éis fiosrúchán, rinne an Chomhairle cinneadh clárúchán ceathrar dochtúirí a chur ar ceal, rud a chiallaíonn nach féidir leo an leigheas a chleachtadh a thuilleadh in Éirinn.

Chun trédhearcacht a chinntiú, foilsítear ar medicalcouncil.ie na nósanna imeachta do Choiste Réamhimeachtaí na Comhairle, a bhreithníonn gearáin i dtosach, agus na nósanna imeachta don Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh chomh maith le doiciméid ina dtugar treoir maidir le smachtbhannaí. Tugann sé seo an tsoiléireacht riachtanach maidir le nósanna imeachta do gach duine a bhfuil baint acu leis an bpróiseas gearán agus fiosrúcháin.

| Catagóirí na ngearán a fuarthas in 2013 | |
|---|---|
| **Iompar Gairmiúil** | |
| Ciontuithe Coiriúla | 0 |
| Comhairle na nDochtúirí Leighis a chur ar an eolas maidir le himeachtaí/cinntí rialála eile, cúisimh choiriúla agus/nó ciontuithe coiriúla. Ciontuithe Coiriúla | 4 |
| Sárú ar Acht na Lia-Chleachtóirí 2007 | 1 |
| Mímhacántacht | 14 |
| **Iomlán** | **19** |
| **Freagrachtaí i leith othar** | |
| Dualgais tuairiscithe i dtaobh mí-úsáid páistí/daoine aosta/daoine fásta leochaileacha | 1 |
| Caitheamh le hothair le dínit | 34 |
| Diúltú cóir leighis a chur ar othar | 25 |
| Diúltú coinsiasach | 0 |
| Cásanna éigeandála | 4 |
| Scileanna gairmiúla cuí | 46 |
| Scileanna teanga sásúla | 11 |
| Cumarsáid | 114 |
| Scrúduithe fisiciúla agus dlúthscrúduithe | 15 |
| Caidreamh pearsanta le hothair | 2 |
| Atáirgeadh daonna cuidithe | 0 |
| Cúram deireadh saoil | 2 |
| **Iomlán** | **254** |
| **Taifid leighis agus rúndacht** | |
| Taifid leighis ar na hothair atá cruinn agus cothrom le dáta a choimeád | 19 |
| Rúndacht | 13 |
| **Iomlán** | **32** |

| Catagóirí na ngearán a fuarthas in 2013 | |
|---|---|
| **Cleachtas gairmiúil** | |
| Cleachtas gairmiúil | 1 |
| Imní faoi chomhghleacaithe a thuairisciú | 3 |
| Caidreamh gairmiúil idir comhghleacaithe | 14 |
| Slánaíocht ghairmiúil | 3 |
| Glacadh le poist | 1 |
| Cóir leighis a chur ar ghaolta | 4 |
| Fógraíocht | 4 |
| Eolas ar an áitreabh agus ar an gcleachtas | 1 |
| Tuairiscí liachta | 27 |
| Deimhniú | 4 |
| Cógas a ordú | 34 |
| Othair a tharchur | 22 |
| Socrú maidir le dochtúirí ionaid agus le róta | 0 |
| Teilileigheas | 1 |
| Scor agus aistriú cúram othar | 0 |
| Táillí | **7** |
| **Iomlán** | **126** |
| **Míchumas liachta iomchuí** | |
| Mí-úsáid alcóil | 1 |
| Mí-úsáid drugaí | 3 |
| Meabhairghalar nó tinneas iompraíochta | 5 |
| Tinneas coirp | 1 |
| **Iomlán** | **10** |

| Cóir leighis | |
|---|---|
| Toiliú | 17 |
| Imscrúduithe agus scrúduithe cliniciúla | 80 |
| Diagnóis | 123 |
| Cúram leantach | 74 |
| Gnáthaimh mháinliachta | 32 |
| Leanúnachas an chúraim | 29 |
| **Iomlán** | **355** |
| **Móriomlán** | **796** |

**Tabhair do d'aire:** Fuarthas 400 gearán in 2013. Tugadh catagóirí na ngearán cothrom le dáta in 2012 i bhfianaise na Treorach um Iompar Gairmiúil agus Eitic do Lia-Chleachtóirí Cláraithe, treoir de chuid Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Is féidir le Cás-Oifigeach anois gearán a chur i níos mó ná catagóir amháin, e.g. gearán i ndáil le cumarsáid lag, d'fhéadfadh go mbeadh sé luaite freisin gur theip ar an dochtúir othar a tharchur. Dá bhrí sin, ní hionann an móriomlán thuas agus líon na ngearán a fuarthas i gcaitheamh na bliana.

Tá staitisticí mionsonraithe a bhaineann leis an bpróiseas gearán agus fiosrúcháin in Aguisín C agus foilseoidh an Chomhairle tuarascálacha breise a bhaineann le gearáin in 2014.

## *Cuspóir Straitéiseach 5:*

Teagmháil réamhghníomhach a dhéanamh leis an bpobal, leis an ngairm agus le páirtithe leasmhara eile

### Buaicphointí na bliana 2013


- **Chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt Ráiteas Straitéise 2014 na Comhairle, cuireadh plean cuimsitheach i ngníomh chun tuairimí 1,000 duine den phobal, 700 dochtúir agus níos mó ná 40 eagraíocht chomhpháirtíochta a thomhas i ndáil le ról agus le sainchúram na Comhairle.**
- **Forbraíodh leagan de shuíomh gréasáin Chomhairle na nDochtúirí Leighis a oireann d'fhóin phóca, chun inrochtaineacht agus idirghníomhaíocht ar ghléasanna fóin chliste agus miontáibléid a fheabhsú.**
- **Forbraíodh limistéar nua ar an suíomh gréasáin atá dírithe go sonrach ar mhic léinn leighis agus ar dhochtúirí faoi oiliúint agus tá sé le seoladh go luath in 2014. Cuimsíonn an limistéar seo eolas ar gach céim den oideachas leighis agus den oiliúint leighis, e.g. sonraí i dtaobh roghanna le haghaidh speisialú agus sonraí i dtaobh na gcaighdeán eiticiúil a mbítear ag súil leo ó mhic léinn agus ó dhochtúirí faoi oiliúint.**

Bhí an Chomhairle ag díriú arís in 2013 ar theagmháil agus ar chomhoibriú leis an bpobal, leis na gairmithe leighis agus leis na heagraíochtaí comhpháirtíochta. Tháinig deireadh le téarma cúig bliana de chuid na Comhairle i mí na Bealtaine agus, chun é sin a mharcáil, reáchtáladh ócáid le heagraíochtaí comhpháirtíochta chun machnamh a dhéanamh ar an gcomhoibriú i gcaitheamh an téarma. Agus Comhairle nua ag cur tús lena téarma, ba dhlúthchuid dá próiseas forbartha straitéise é an comhairliúchán. Cuireadh plean teagmhála i ngníomh chun tuairimí 1,000 duine den phobal, 700 dochtúir agus níos mó ná 40 eagraíocht chomhpháirtíochta a thomhas i ndáil le ról agus le sainchúram na Comhairle.

Is é suíomh gréasáin na Comhairle, www.medicalcouncil.ie, a príomhuirlis chumarsáide. Fuair sé os cionn 500,000 cuairt in 2013. Baineadh leas as an tsaoráid "Search Registered Doctors" ar líne níos mó ná 250,000 uair i gcaitheamh na bliana, rud a léiríonn an tábhacht a bhaineann leis an gclár leighis le cur ar chumas daoine den phobal cáilíochtaí a ndochtúra a fhíorú. Forbraíodh limistéar nua den suíomh gréasáin a oireann d'fhóin phóca le go mbeidh rochtain ag daoine a úsáideann fóin chliste agus gléasanna miontáibléid air. Tugtar tús áite don tsaoráid chuardaigh agus d'ábhar eile a mbíonn tóir air.

Chun eolas feabhsaithe a chur ar fáil ar ról na Comhairle ó thaobh caighdeáin a leagan síos agus a mhaoirsiú ag leibhéal fochéime, intéirneach agus iarchéime, forbraíodh limistéar nua ar an suíomh gréasáin atá dírithe go sonrach ar mhic léinn leighis agus ar dhochtúirí faoi oiliúint. Tá an limistéar nua sin le seoladh go luath in 2014. Soláthróidh sé sin eolas ar scoileanna leighis, ar roghanna maidir le hoiliúint iarchéime agus ar na caighdeáin a mbítear ag súil leo ó mhic léinn agus ó dhochtúirí faoi oiliúint, chomh maith le naisc chucu sin ar fad a sholáthar.

## Suíomh móibíleach




## Limistéar nua do mhic léinn ar an suíomh gréasáin



## Comhpháirtíochtaí a neartú taobh istigh den chóras sláinte

Tá éifeachtacht na Comhairle ag brath ar a cumas oibriú go héifeachtach le comhpháirtithe ar fud an chórais sláinte. Is príomhchuid de sin na socruithe i dtaca le heolasroinnt cuí le heagraíochtaí a chur ar bhonn foirmiúil.

In 2013 síníodh meamraim tuisceana le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte, ag neartú na gceangal leis an dá eagraíocht agus ag cur prótacail fhoirmiúla i bhfeidhm ar mhaithe le comhoibriú agus le heolasroinnt d'fhonn sábháilteacht othar a fheabhsú.



Ó chlé go deas:
*Stiúrthóir Náisiúnta FSS, Cáilíocht agus Sábháilteacht Othar, an Dr Philip Crowley; Ard-Stiúrthóir FSS, an tUasal Tony O'Brien; Uachtarán na Comhairle, an tOllamh Kieran Murphy; Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Comhairle, an tUasal Caroline Spillane*




*An tUasal Caroline Spillane, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus an Dr Tracey Cooper, Príomhfheidhmeannach an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte*

## *Cuspóir Straitéiseach 6:*

Bheith éifeachtach trí chórais agus próisis inmheánacha atá cuí agus éifeachtúil

- **Ba é an toradh a bhí ar chlár ciorraithe costais inmheánaigh ná laghdú de thart ar €266,000 ar chostais riaracháin/oibriúcháin in 2013.**
- **Sáraíodh spriocanna d'éagsúlacht 4.2% i gcás sruthanna ioncaim.**
- **Cuireadh i ngníomh plean fórsa saothair a thugann achoimre ar thionscnaimh ar tugadh fúthu chun solúbthacht agus táirgiúlacht na foirne a uasmhéadú. An toradh a bhí air sin ná athruithe struchtúir atá saincheaptha chun cur leis an lúfaireacht i struchtúr na heagraíochta.**

### Cinntiú go bhfuil córais chuí rialachais chorparáidigh i bhfeidhm

Leag an Chomhairle béim arís in 2013 ar na caighdeáin inmheánacha agus sheachtracha is airde a chomhlíonadh. Rinneadh clár iniúchta inmheánaigh in 2013, lena n-áirítear an chéad Iniúchadh ar Rialachas Corparáideach. Bhí torthaí dearfacha air agus níor tuairiscíodh aon ní suntasach.

Agus an Chomhairle nua ag cur tús lena téarma i mí an Mheithimh, bhunaigh sí socruithe rialachais, agus beidh ocht gcoiste ag díriú ar shnáitheanna faoi leith d'obair na Comhairle:

- **An Coiste um Straitéis Iniúchóireachta agus Riosca**
- **An Coiste um Chlárú agus Cleachtadh Leanúnach**
- **An Coiste um Oideachas, Oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil**
- **An Coiste um Eitic agus Gairmiúlacht**
- **An Coiste Sláinte**
- **An Coiste Réamhimeachtaí**
- **An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh**
- **An Coiste Ainmniúchán**

Ina theanna sin, forbraíodh Cód Iompair athbhreithnithe don Chomhairle de réir an dea-chleachtais sa réimse seo. Tugtar an t-eolas is deireanaí ar ghnó agus ar riosca don Chomhairle uair sa ráithe. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an mbainistíocht riosca don Chomhairle agus don Fheidhmeannas araon agus is mír sheasta í ar chlár oibre gach cruinnithe.

## Cinntiú go bhfuiltear ag díriú ar shármhaitheas i mbainistiú daoine

Bhíothas ag díriú arís in 2013 ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt gairme.

Cuireadh athruithe struchtúir ar dhearadh na heagraíochta i ngníomh le go mbeadh níos mó lúfaireachta i struchtúr na Comhairle. Cuireadh an Córas Bainistíochta Forbartha Feidhmíochta i ngníomh ar fud na heagraíochta lena chinntiú go mbeadh cuspóirí pleanála gnó agus próifílí róil aonair ag teacht lena chéile.

Is cuid thábhachtach de leas na bhfostaithe í an chothromaíocht oibre is saoil, agus ghlac baill den fhoireann páirt i roinnt tionscnamh spóirt mar chuid d'fhócas ar an tsláinte agus ar an bhfolláine.

## Irish Autism Action – Rás sealaíochta foirne

*(Baill den fhoireann le hiarchaptaen fhoireann sacair na hÉireann, Paul McGrath, lár)*



## Cinntiú go bhfuil próisis eagraíochtúla éifeachtach

Tháinig feabhsú ar phróisis ghnó chun cinn mar chroífhócas don eagraíocht in 2013. Bhí comhroinnt eolais le comhlachtaí rialála eile ina cabhair chun caighdeáin dea-chleachtais i réimsí den eagraíocht a shainaithint. Ghlac an fhoireann chlárúcháin páirt i roinnt imeachtaí ina rabhthas ag díriú ar phróisis a shruthlíniú agus ar rudaí a d'fhéadfaí a fheabhsú a shainaithint. Leanfar den chlár oibre seo in 2014 le feidhmiú céimneach ar fud na heagraíochta.

## Ioncam

Sáraíodh an sprioc d'éagsúlacht 4.2% i gcás sruthanna ioncaim in 2013. Agus í ag forbairt a straitéise le haghaidh 2014-2018, leag an Chomhairle béim ar a sláine airgeadais i gcaitheamh an téarma a chinntiú. Ullmhófar straitéis airgeadais mheántéarmach in 2014, straitéis ina ndíreofar ar fhoinsí nua ioncaim a fhorbairt agus ar spriocanna buiséadacha bliantúla a bhaint amach.

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 2013

## BAILL NA COMHAIRLE AGUS FAISNÉIS EILE

| | |
|---|---|
| **Uachtarán** | **An tOllamh Freddie Wood** |
| **Leas-Uachtarán** | **An Dr Audrey Dillon** |
| **Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin** | **An tUasal Caroline Spillane** |

| | | |
|---|---|---|
| **An Chomhairle** | **An tOllamh Freddie Wood** | **An tUasal Seán Hurley** |
| | **An Dr Audrey Dillon** | **An tOllamh Alan Johnson** |
| | **An Dr John Barragry** | **An tUasal Marie Kehoe-O'Sullivan** |
| | **An Dr Anthony Breslin** | **An tOllamh Mary Leader** |
| | **An tUasal Katharine Bulbulia** | **An Comhairleoir Sally Mulready** |
| | **An tUasal Declan Carey** | **An tUasal Margaret Murphy** |
| | **An tUasal Anne Carrigy** | **An tUasal John Nisbet** |
| | **An Dr Seán Curran** | **An tOllamh Colm O'Herlihy** |
| | **An Dr Rita Doyle** | **An Dr Michael Ryan** |
| | **An tUasal Mary Duff** | **An tUasal Cornelia Stuart** |
| | **An tOllamh Fidelma Dunne** | **An Dr Consilia Walsh** |
| | **An Dr Bairbre Golden** | **An tUasal Catherine Whelan** |
| | **An Dr Ruairí Hanley** | |

### Oifigí:

Kingram House

Plás Kingram

Baile Átha Cliath 2

### Iniúchóirí:

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Caisleán Bhaile Átha Cliath

Baile Átha Cliath 2

### Aturnaetha:

McDowell Purcell

Foirgneamh Chéipil

Mainistir Mhuire

Baile Átha Cliath 7

### Baincéirí:

Banc na hÉireann

Bóthar Ráth Maonais

Ráth Maonais

Baile Átha Cliath 6

# TUARASCÁIL NA COMHAIRLE

Cuireann an Chomhairle i láthair a tuarascáil agus na Ráitis Airgeadais iniúchta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013.

## Príomhghníomhaíocht

Is í Comhairle na nDochtúirí Leighis an comhlacht reachtúil le haghaidh clárú agus rialáil dochtúirí a bhíonn ag cleachtadh an leighis.

Is é is príomhchuspóir don Chomhairle an pobal a chosaint trí chaighdeáin arda iompair ghairmiúil agus oideachais ghairmiúil, oiliúna gairmiúla agus inniúlachta gairmiúla a chur chun cinn, agus a chinntiú ar shlí níos fearr, i measc lia-chleachtóirí cláraithe.

Is faoi Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978 (arna thabhairt cothrom le dáta in 2007) a bunaíodh Comhairle na nDochtúirí Leighis. Ar phríomhfheidhmeanna na Comhairle tá:

- **Clár na liachleachtóirí a bhunú agus a choimeád;**
- **Cláir oideachais agus oiliúna, is gá chun críocha clárúcháin agus clárúcháin leantaigh, a cheadú, agus na cláir sin a choinneáil faoi athbhreithniú;**
- **Na caighdeáin a shonrú is gá chun inniúlacht ghairmiúil liachleachtóirí cláraithe a chothabháil, agus na caighdeáin sin a choinneáil faoi athbhreithniú;**
- **Caighdeáin chleachtais a shonrú le haghaidh liachleachtóirí cláraithe, lena n-áirítear treoir a sholáthar maidir le gach ní a bhaineann le hiompar gairmiúil agus eitic ghairmiúil;**
- **Nósanna imeachta araíonachta.**

25 comhalta atá ar an gComhairle, lena n-áirítear comhaltaí a toghadh agus comhaltaí a ceapadh. Faoi fhorálacha Acht na Lia-Chleachtóirí 2007, cuimsíonn an Chomhairle 13 chomhalta neamhleighis agus 12 chomhalta leighis a dhéanann ionadaíocht ar réimse speisialtachtaí leighis, ar chomhlachtaí teagaisc, ar dhaoine den phobal agus ar pháirtithe leasmhara, a bhfuil a gceapacháin uile faofa ag an Aire Sláinte. Is é tréimhse oifige na Comhairle reatha ná 2013 go dtí 2018. Is iad na híocaíochtaí ó dhochtúirí cláraithe a mhaoiníonn Comhairle na nDochtúirí Leighis; ní fhaightear maoiniú ón rialtas ná ó aon fhoinse eile.

## Athbhreithniú ar fhorbairtí i gcaitheamh na bliana

Ba bhliain an-ghnóthach agus an-dúshlánach eile do Chomhairle na nDochtúirí Leighis í an bhliain 2013. Sa 4ú ráithe de 2013, ullmhaíodh an Plean Gnó agus Bainistíochta Riosca 2014 agus an Ráiteas Straitéise 2014 – 2018. Leagann siad sin amach go mionsonrach cuspóirí Chomhairle na nDochtúirí Leighis do na blianta atá amach romhainn. D'fhaomh an Chomhairle an plean sin i mí Eanáir 2014 lena chur faoi bhráid na Roinne Sláinte de réir Alt 15 d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007.

Seo forbairtí suntasacha eile a tharla i gcaitheamh na bliana:

- **Chríochnaigh Comhairle na nDochtúirí Leighis 2008 – 2013 a téarma i mí na Bealtaine 2013 agus chuir Comhairle nua tús lena téarma i mí an Mheithimh. Toghadh an tOllamh Freddie Wood ina Uachtarán agus toghadh an Dr Audrey Dillon ina Leas-Uachtarán.**
- **Foilsíodh Tuarascáil Faisnéise ar an bhFórsa Saothair Leighis den chéad uair, tuarascáil ina soláthraítear faisnéis do lucht déanta beartas, d'fhostóirí agus d'eagraíochtaí comhpháirtíochta eile. San áireamh tá faisnéis mhionsonraithe ar chomhdhéanamh an fhórsa saothair leighis in Éirinn.**

- **Chun an comhoibriú idir na heagraíochtaí a neartú, síníodh meamraim tuisceana le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte araon.**

- **Rinneadh athbhreithniú ar na rialacha clárúcháin le haghaidh iontráil sa Rannán Maoirsithe agus leasaíodh iad, ag neartú na socruithe le haghaidh cleachtadh maoirsithe in FSS.**

## Comhaltaí na Comhairle

Chuaigh an 8ú Comhairle i gcionn a cuid dualgas ar 1 Meitheamh 2013. Tugtar ainmneacha chomhaltaí na Comhairle ar leathanach 28. 25 comhalta atá ar an gComhairle arna gceapadh de réir Alt 7 (1) go (8) d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007.

## Forbairtí amach anseo

Tá an Chomhairle dáiríre maidir le coimeád agus forbairt croístraitéisí agus croíchuspóirí an Ráitis Straitéise 2014 – 2018 a faomhadh le déanaí.

### Cuspóir Straitéiseach 1:

Clár éifeachtach agus éifeachtúil a fhorbairt, clár a fhreagraíonn do riachtanais an phobail agus do riachtanais ghairm an leighis, riachtanais a bhíonn ag síorathrú

### Cuspóir Straitéiseach 2:

Timpeallacht foghlama thacúil a chruthú ar mhaithe le dea-chleachtas gairmiúil

### Cuspóir Straitéiseach 3:

Muinín an phobail agus na gairme i bpróisis na Comhairle a choimeád trí chur chuige comhréireach agus spriocdhírithe a fhorbairt i leith gníomhaíochtaí rialála

### Cuspóir Straitéiseach 4:

Sábháilteacht othar a fheabhsú trí thaighde géarchúiseach agus trí theagmháil níos fearr

### Cuspóir Straitéiseach 5:

Cultúr a thacaíonn le ceannaireacht agus le foghlaim a fhorbairt san eagraíocht

### Cuspóir Straitéiseach 6:

Eagraíocht inbhuanaithe agus ardfheidhmíochta a fhorbairt


## Iniúchadh inmheánach

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an gComhairle agus í seachfhoinsithe chuig D'Arcy Lynch Partners, Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe. Bhuaigh BDO, Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cairte, tairiscint iniúchóireachta le haghaidh sholáthar na seirbhíse seo in 2014 – 2017.

## Leabhair chuntas

Lena chinntiú go gcoinnítear leabhair chearta agus taifid chuntasaíochta chearta, tá roinn airgeadais inmheánaigh bunaithe ag an gComhairle, tá daoine atá cáilithe go cuí sa chuntasaíocht fostaithe aici agus tá córais chuí cuntasaíochta ríomhairithe coimeádta aici. Coimeádtar na leabhair chuntas ag oifig na Comhairle ag Kingram House, Plás Kingram, Baile Átha Cliath 2.

Faofa ag an gComhairle ar 28 Márta 2014 agus sínithe thar a ceann ag:

| **An tOllamh Freddie Wood** | **An tUasal Caroline Spillane** |
| --- | --- |
| **Uachtarán** | **Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin** |
|  |  |
| **Dar dáta: 28 Márta 2014** | |


# RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ NA COMHAIRLE

Éilíonn Alt 32 d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007 go n-ullmhódh an Chomhairle Ráitis Airgeadais i leith gach bliana airgeadais, ráitis a thugann léargas fírinneach cóir ar riocht ghnóthaí na Comhairle agus ar an ioncam agus ar an gcaiteachas sa bhliain sin. Agus na Ráitis Airgeadais seo á n-ullmhú ag an gComhairle, ceanglaítear uirthi:

- **Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach**
- **Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh**
- **Na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin i gcás nach cuí a thoimhdiú go leanfaidh an Chomhairle de bheith i bhfeidhm**
- **A dhearbhú cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir imeacht ábhartha ar bith atá nochta agus mínithe sna Ráitis Airgeadais**

Tá an Chomhairle freagrach maidir le leabhair chuntas chearta a choimeád a thaispeánann go réasúnta cruinn ag aon am seasamh airgeadais na Comhairle agus a chuirfidh ar a cumas cinnte a dhéanamh go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Alt 32 d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007. Tá an Chomhairle freagrach chomh maith as sócmhainní na Comhairle a chosaint agus, uaidh sin, bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc.

Faofa ag an gComhairle ar 28 Márta 2014 agus sínithe thar a ceann ag:

| **An tOllamh Freddie Wood**<br>**Uachtarán** | **An tUasal Caroline Spillane**<br>**Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin** |
|---|---|
|  |  |
| **Dar dáta: 28 Márta 2014** | |

# RÁITEAS FAOIN RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

## Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Thar ceann na Comhairle, admhaímid an fhreagracht atá orainn chun a chinntiú go bhfuil córas cuí rialaithe inmheánaigh airgeadais á choimeád agus á fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach urrús réasúnta seachas urrús absalóideach a chur ar fáil go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar go cuí idirbhearta agus go gcosctar nó go n-aimseofaí in am trátha earráidí nó mírialtachtaí ábhartha.

## Príomhnósanna imeachta rialúcháin

Tá céimeanna tógtha ag an gComhairle le timpeallacht chuí rialaithe a chinntiú, trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- **Coiste tiomnaithe Iniúchóireachta, Straitéise agus Riosca a bhunú a mbeidh Comhalta den Chomhairle nach é/í an tUachtarán é/í ina C(h)athaoirleach air;**
- **Sainmhíniú soiléir a thabhairt ar fhreagrachtaí agus ar chumhachtaí na bainistíochta;**
- **Iniúchóirí inmheánacha a cheapadh;**
- **Cultúr freagrachta a fhorbairt ag gach leibhéal den eagraíocht.**

Tá próisis bunaithe ag an gComhairle chun rioscaí gnó a shainaithint agus a mheasúnú trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- **Cineál, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá os comhair na heagraíochta a shainaithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sí a bheith inghlactha;**
- **An seans go dtarlóidh na riocaí sainaitheanta a mheas;**
- **Oibriú go dlúth leis an Roinn Sláinte agus le ranna Rialtais eile lena chinntiú go mbeidh tacaíocht ar fáil i leith spriocanna Chomhairle na nDochtúirí Leighis a bhaint amach.**

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat d'fhaisnéis rialta bhainistíochta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear dualgais a roinnt, agus córas tarmligin agus freagrachta. Cuimsíonn sé na nithe seo a leanas go háirithe:

- **Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a athbhreithníonn agus a chomhaontaíonn an Chomhairle;**
- **Athbhreithniú rialta ag an gComhairle ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a chuireann feidhmíocht in iúl i gcoinne réamhaisnéisí;**
- **Spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;**
- **Nósanna imeachta lena chinntiú go gcomhlíonfar beartais agus treoracha a bhaineann le soláthar poiblí;**
- **Tá feidhm iniúchta inmheánaigh i bhfeidhm agus oibríonn na hiniúchóirí inmheánacha de réir an Chreat-Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Is é an Coiste Iniúchóireachta a mhaoirsíonn an fheidhm**

# RÁITEAS FAOIN RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS (AR LEAN)

Rinneadh athbhreithniú ar na rialúcháin seo a leanas nó cuireadh i ngníomh iad i gcaitheamh na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2013:


- **Cuntais bhainistíochta mhíosúla le míniú ar imeachtaí suntasacha ón mbuiséad;**
- **Cuntais Bhliantúla do 2012 le míniú ar dhifríochtaí suntasacha;**
- **Plean le haghaidh bhuiséad bliantúil 2014;**
- **Rinne D'Arcy Lynch Partners iniúchadh inmheánach ar rialúcháin TF/ Rialachas/ Rialúcháin Airgeadais/ an Coiste Réamhimeachtaí**

Rinne an Chomhairle athbhreithniú ar éifeachtacht an chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013.

Sínithe thar ceann Chomhairle na nDochtúirí Leighis:

**An tOllamh Freddie Wood**

**Uachtarán**



**Dar dáta: 28 Márta 2014**

# AN tARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

## Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais

## Comhairle na nDochtúirí Leighis

Tá Ráitis Airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013 iniúchta agam faoi Acht na Lia-Chleachtóirí 2007. Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais seo faoi na beartais chuntasaíochta a leagtar síos istigh iontu, agus cuimsíonn siad an ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an ráiteas faoi iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta, an clár comhardaithe, an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais san fhoirm atá leagtha síos faoi Alt 32 den Acht, agus de réir an chleachtais cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn.

## Freagrachtaí Chomhaltaí na Comhairle

Tá an Chomhairle freagrach as na Ráitis Airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar riocht ghnóthaí na Comhairle agus ar a hioncam agus a caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na Ráitis Airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú ina dtaobh.

Déantar m’iniúchadh trí thagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Cuirtear m’iniúchadh i gcrích de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (RA agus Éire) agus ag cloí leis na Caighdeáin Eiticiúla d’Iniúchóirí, caighdeáin de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

## Raon feidhme an iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is é atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil maidir leis na méideanna sna Ráitis Airgeadais agus maidir leis na rudaí a nochtadh iontu, fianaise ar leor í chun urrús réasúnta a thabhairt go bhfuil na Ráitis Airgeadais saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sin de bharr calaoise nó earráide. Cuimsíonn sé sin measúnú ar na nithe seo a leanas:

- cé acu atá nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta cuí i gcomhthéacs thosca na Comhairle, cé acu a cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad nó nár cuireadh, agus cé acu a nochtadh go himleor iad nó nár nochtadh

- cé chomh réasúnta is atá meastacháin chuntasaíochta shuntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus

- cur i láthair na Ráiteas Airgeadais ar an iomlán.

Agus iniúchadh ar bun agam, féachaim freisin le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Ina theannta sin, léigh mé tuarascáil bhliantúil na Comhairle chun neamhréireachtaí ábhartha leis na Ráitis Airgeadais iniúchta a shainaithint. Má thagaim ar aon mhíshonrú nó neamhréireacht ábhartha fhollasach, breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil.

## Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na Ráitis Airgeadais, a ullmhaíodh i gceart de réir an chleachtais cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn, léargas fírinneach cóir ar riocht ghnóthaí na Comhairle ag 31 Nollaig 2013 agus ar a hioncam agus a caiteachas do 2013.

Is é mo thuairim gur choinnigh an Chomhairle leabhair chuntas chearta. Tá na Ráitis Airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntas.

## Nithe a dtuairiscím orthu go heisceachtúil

Tuairiscím go heisceachtúil sna cásanna seo a leanas:

- mura bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim i gcomhair an iniúchta, nó
- má tháinig sé chun solais i gcaitheamh an iniúchta go raibh cás ábhartha ann nár úsáideadh airgead chun na gcríoch a bhí i gceist nó nár chloígh na hidirbhearta le rialacha na n-údarás a rialaíonn iad, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle ag teacht leis na Ráitis Airgeadais, nó
- mura léirítear sa Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais go bhfuiltear ag cloí leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- má fhaighim amach go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann maidir leis an gcaoi ina ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam i dtaobh na nithe sin a dtuairiscítear orthu go heisceachtúil.

**Patricia Sheehan**

**Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**9 Aibreán 2014**

# BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013

## Bunús an ullmhúcháin

Tá na Ráitis Airgeadais ullmhaithe de réir an chleachtais cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil arna leasú ag athluacháil talún agus foirgneamh, agus comhlíonann siad caighdeáin tuairiscithe airgeadais Bhord na gCaighdeán Cuntasaíochta, mar a fhógraíonn Cuntasóirí Cairte Éireann iad. Tá na beartais chuntasaíochta seo a leanas curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach chun déileáil le nithe a meastar go bhfuil siad ábhartha i ndáil leis na Ráitis Airgeadais.

## Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ar a gcostas nó ar a luacháil, lúide dímheas carntha. Ríomhtar an dímheas chun bunchostas nó bunluacháil sócmhainní seasta inláimhsithe a dhíscríobh, lúide a luach iarmharach measta, thar a saolré úsáideach ionchais mar leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh | - 2% de réir méid cothrom |
| Feabhsuithe Léasachta | - 5% de réir méid cothrom (ó 2013 amach) |
| Trealamh oifige | - 20% de réir méid cothrom |
| Daingneáin agus feistis | - 12.5% de réir méid cothrom |
| Trealamh ríomhaireachta agus forbairt bogearraí | - 33.3% de réir méid cothrom |

Tá an t-áitreabh ag Lynn House faoi réir beartas faoina ndéantar athluacháil air gach 5 bliana le luacháil eatramhach i mbliain 3 de réir FRS (Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais) 15 – Cuntasaíocht i gcomhair Sócmhainní Seasta. Rinneadh luacháil ar an áitreabh ar bhonn margadh oscailte ag 18 Nollaig 2013 (Nóta 5).

Is é beartas Chomhairle na nDochtúirí Leighis a cuid sócmhainní seasta ar saothair ealaíne iad a athluacháil gach 5 bliana.

Caitear le costais forbartha bogearraí ar mhórchórais mar a bheadh nithe caipitiúla ann agus díscríobhtar iad thar thréimhse a saolré úsáidí ionchais ón dáta a gcuirtear i ngníomh iad i leith.

## Infheistíochtaí

Infheistíochtaí atá á gcoinneáil mar shócmhainní seasta, luaitear iad ag a luach margaidh. Déantar cuntasaíocht i gcomhair barrachas nó easnamh ar bith tríd an Ráiteas faoi Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta agus tríd an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais faoi seach. Ioncam ó infheistíochtaí, maille le haon cháin shiarchoinneálach a bhaineann leis, aithnítear é sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain ina bhfuil sé le fáil.

## Airgeadraí eachtracha

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta in airgeadraí eile a aistriú ag na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm dáta an chláir comhardaithe. Idirbhearta in airgeadraí eile a dhéantar i gcaitheamh na bliana, aistrítear iad ag an ráta malairte atá i bhfeidhm dáta an idirbhirt. Na difríochtaí malairte a bhí ann dá bharr sin, pléitear leo sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

## Ioncam

Aithnítear táillí, nach táillí coinneála iad, mar ioncam sa bhliain ina bhfaightear iad. Gearrtar táillí coinneála gach bliain i leith cleachtóirí a bhíonn ag iarraidh fanacht ar chlár na Comhairle. Aithnítear táillí coinneála agus ioncam eile mar ioncam sa bhliain lena mbaineann siad.

## Pinsin

Oibríonn Comhairle na nDochtúirí Leighis scéim sochair shainithe a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoctar-mar-a-úsáidtear ó airgead atá ar fáil di agus ó ranníocaíochtaí a bhaintear ó thuarastail foirne.

Tomhaistear dliteanais na Scéime Pinsin ar bhonn achtúireach, ag úsáid mhodh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid.

Maidir leis na costais phinsin, léiríonn siad sochair phinsin tuillte ag fostaithe le linn na tréimhse, agus taispeántar iad saor ó ranníocaíochtaí pinsin foirne a choimeádann Comhairle na nDochtúirí Leighis.

Eascraíonn gnóthachain agus caillteanais as athruithe ar thoimhdí achtúireacha agus as barrachais agus easnaimh ó thaithí agus aithnítear iad sa Ráiteas faoi Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta don bhliain ina dtarlaíonn siad.

Is ionann na dliteanais phinsin agus luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin todhchaí atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo.

Is ionann an cúlchiste pinsin agus an t-easnamh maoinithe ar na hoibleagáidí a bhaineann leis an scéim phinsin.

# CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013

| **Ioncam** | **Nótaí** | **2013 €** | **2012 €** |
|---|---|---|---|
| Táillí coinneála | 9 | **7,714,867** | 7,558,617 |
| Táillí clárúcháin | 1 | **1 ,672,149** | 1,391,537 |
| Ioncam ilghnéitheach | 1 | **631,347** | 319,776 |
| **Ioncam iomlán** | | **10,018,363** | 9,269,930 |
| **Caiteachas** | | | |
| Pá agus tuarastail | 3 | **3,125,425** | 3,026,130 |
| Costais ar phinsin | 3/10 | **1,106,771** | 976,015 |
| Costais ar an gComhairle agus ar chruinnithe | 3 | **729,741** | 636,005 |
| Earcú, oiliúint agus oideachas foirne | | **248,351** | 101,318 |
| Cíos agus rátaí | | **1,099,181** | 927,719 |
| Costais dlí | 2 | **2,479,879** | 2,394,566 |
| Riarachán ginearálta | 2 | **1,111,421** | 1,166,221 |
| Comhairleacht agus táillí gairmiúla eile | 2 | **352,202** | 809,819 |
| Táillí airgeadais | | **41,933** | 30,895 |
| Táillí iniúchóireachta | | **13,941** | 13,630 |
| Dímheas | 5 | **440,916** | 503,264 |
| Fógraíocht | | **8,427** | 47,445 |
| **Caiteachas iomlán** | | **(10,758,188)** | (10,633,027) |
| **(Easnamh)/barrachas oibriúcháin** | | **(739,825)** | 1,363,097) |
| Ús infhaighte | | **91,277** | 193,047 |
| Ioncam infheistíochta | | **34,858** | 27,672 |
| **(Easnamh)/barrachas don bhliain** | 11 | **(613,690)** | (1,142,378) |

Tagraíonn na torthaí don bhliain d'oibríochtaí leanúnacha.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí ar leathanaigh 43-54.

Faofa ag an gComhairle ar 28 Márta 2014 agus sínithe thar a ceann ag:

| **An tOllamh Freddie Wood** | **An tUasal Caroline Spillane** |
|---|---|
| **Uachtarán** | **Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin** |

**Dar dáta: 28 Márta 2014**

# RÁITEAS FAOI IOMLÁN NA nGNÓTHACHAN AGUS NA gCAILLTEANAS AITHEANTA

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013

| | Nótaí | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|---|
| (Easnamh)/barrachas don bhliain | 11 | **(613,690)** | (1,142,378) |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ar dhliteanais phinsin | 10 | **754,000** | 686,000 |
| Gnóthachan athluachála ar infheistíochtaí | 6 | **89,294** | 102,233 |
| Caillteanas athluachála ar fhoirgnimh | 5 | **(900,000)** | - |
| **Iomlán na gcaillteanas aitheanta don bhliain** | | **(670,396)** | (354,145) |

Faofa ag an gComhairle ar 28 Márta 2014 agus sínithe thar a ceann ag:

| **An tOllamh Freddie Wood** | **An tUasal Caroline Spillane** |
|---|---|
| **Uachtarán** | **Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin** |
| **Dar dáta: 28 Márta 2014** | |


# CLÁR COMHARDAITHE

amhail an 31 Nollaig 2013

| | Notaí | 2013<br>€ | 2012<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 5 | **2,913,920** | 3,895,920 |
| Sócmhainní airgeadais | 6 | **2,939,900** | 2,796,356 |
| | | **5,853,820** | 6,692,276 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Féichiúnaithe | **7** | **1,432,777** | 1,609,384 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | **10,686,496** | 10,398,151 |
| | | **12,119,273** | 12,007,535 |
| **Dliteanais reatha (Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | |
| Creidiúnaithe | 8 | **(5,100,924)** | (5,357,246) |
| **Glansócmhainní reatha** | | **7,018,349** | 6,650,289 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha (Roimh phinsin)** | | **12,872,169** | 13,342,565 |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Dliteanais phinsin | 10 | **(11,600,000)** | (11,400,000) |
| **Glansócmhainní** | | **1,272,169** | 1,942,565 |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Cúlchiste athluachála | 11 | **205,421** | 1,016,127 |
| Barrachas carntha | 11 | **12,666,748** | 12,326,438 |
| Cúlchiste pinsin | 11 | **(11,600,000)** | (11,400,000) |
| **Iomlán** | | **1,272,169** | 1,942,565 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí ar leathanaigh 43-54.

Faofa ag an gComhairle ar 28 Márta 2014 agus sínithe thar a ceann ag:

| **An tOllamh Freddie Wood** | **An tUasal Caroline Spillane** |
|---|---|
| **Uachtarán** | **Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin** |
|  |  |
| **Dar dáta: 28 Márta 2014** | |

# RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013

## Réiteach an easnaimh don bhliain le glan-eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

| | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|
| **(Easnamh)/barrachas don bhliain** | **(613,690)** | (1,142,378) |
| Difríocht idir an pinsean a íocadh agus táille an phinsin | **954,000** | 786,000 |
| Ús faighte | **(91,277)** | (193,047) |
| **Dímheas** | **440,916** | 503,264 |
| Laghdú/(Méadú) ar fhéichiúnaithe | **176,607** | 20,845 |
| Méadú/(Laghdú) ar chreidiúnaithe | **(256,322)** | 914,247 |
| Ioncam infheistíochta | **(34,858)** | (27,672) |
| **Táille bhainistíochta** | **28,122** | 30,529 |
| Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | **603,498** | 891,788 |

| | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|
| **Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **603,498** | 891,788 |
| **Toradh ar infheistíochtaí** | | |
| Ús faighte | **43,762** | 180,874 |
| Caiteachas caipitiúil | **(358,915)** | (234,463) |
| Méadú/(Laghdú) ar airgead tirim | **288,345** | 838,199 |
| Glanchistí ag tús na bliana | **10,398,151** | 9,559,952 |
| Glanchistí amhail an 31 Nollaig 2013 | **10,686,496** | 10,398,151 |
| Anailís ar an athrú ar ghlanchistí | | |
| Ag tús na bliana | **10,398,151** | **9,559,952** |
| Sreafaí airgid | **288,345** | **838,199** |
| Glanchistí amhail an 31 Nollaig 2013 | **10,686,496** | **10,398,151** |

Faofa ag an gComhairle ar 28 Márta 2014 agus sínithe thar a ceann ag:

| **An tOllamh Freddie Wood** | **An tUasal Caroline Spillane** |
|---|---|
| **Uachtarán** | **Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin** |

**Dar dáta: 28 Márta 2014**

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013

## 1. IONCAM

### Is iad seo a leanas na foinsí ioncaim:

| | 2013<br>€ | 2012<br>€ |
|---|---|---|
| **Táillí clárúcháin** | | |
| Intéirneacht | **191,135** | 244,240 |
| Clárú ginearálta | **1,354,034** | 1,019,917 |
| Daoine a chur ar ais ar Chlár Ginearálta na Lia-Chleachtóirí | **3,205** | 110 |
| Táillí clárúcháin speisialtóirí | **123,775** | 127,270 |
| | **1,672,149** | 1,391,537 |

| | 2013<br>€ | 2012<br>€ |
|---|---|---|
| **Ioncam ilghnéitheach** | | |
| Táillí seirbhíse | **11,099** | 12,382 |
| Táillí creidiúnaithe | **33,504** | 39,706 |
| Scrúduithe | **294,736** | 47,835 |
| Teastas dea-stádais | **120,685** | 108,190 |
| Táille íocaíochta déanaí | **79,077** | 42,350 |
| Costais dlí faighte ar ais | **8,928** | 10,693 |
| Comhdháil | **-** | 8,230 |
| Ioncam cíosa | **70,778** | 35,390 |
| Ceadúnas bogearraí | **-** | 15,000 |
| Eile | **12,540** | - |
| | **631,347** | 319,776 |

## 2. CAITEACHAS

### Is iad seo a leanas na foinsí caiteachais:

| | 2013<br>€ | 2012<br>€ |
|---|---|---|
| **Costais dlí** | | |
| Dlí agus gairmiúil | **543,147** | 302,976 |
| Cuid V (a) – fiosrúcháin | **1,650,840** | 1,852,192 |
| Cuid V (b) – imeachtaí Ard-Chúirte agus Cúirte Uachtaraí | **285,892** | 239,398 |
| | **2,479,879** | 2,394,566 |

| | 2013<br>€ | 2012<br>€ |
|---|---|---|
| **Riarachán ginearálta** | | |
| Árachas | **87,055** | 91,171 |
| Solas agus teas | **96,435** | 91,239 |
| Deisiúcháin agus cothabháil | **130,008** | 201,333 |
| Cothabháil trealaimh | **4,798** | 4,497 |
| Priontáil, postas agus stáiseanóireacht | **176,637** | 222,390 |
| Riarachán agus stóráil comhad | **43,701** | 43,806 |
| Táillí teileafóin agus móideim | **42,620** | 54,609 |
| Costais ríomhaireachta | **279,788** | 144,870 |
| Airíochas agus glanadh | **37,061** | 40,309 |
| Slándáil | **44,683** | 48,678 |
| Creidiúnuithe | **94,034** | 195,222 |
| Caiteachas ginearálta | **74,601** | 28,097 |
| | **1,111,421** | 1,166,221 |

| | 2013<br>€ | 2012<br>€ |
|---|---|---|
| **Comhairleacht agus táillí gairmiúla eile** | | |
| Comhairleacht ghnó | **59,107** | 78,180 |
| Táillí comhairleachta | **293,095** | 731,639 |
| | **352,202** | **809,819** |

# 3. FOSTAITHE AGUS LUACH SAOTHAIR

## Líon na bhfostaithe

58 an meánlíon daoine a bhí fostaithe i gcaitheamh na bliana (2012: 51)

| | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|
| **Cuimsíonn na costais foirne:** | | |
| Pá agus tuarastail | **2,871,890** | 2,777,127 |
| Costais leasa shóisialaigh | **253,535** | 249,003 |
| | **3,125,425** | 3,026,130 |
| Costais phinsin | **1,106,771** | **976,015** |
| | **4,232,196** | **4,002,145** |

**3.1** Is í an tUasal Caroline Spillane Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Fuair an tUasal Spillane tuarastal €141,114 in 2013 don tréimhse ó 1 Eanáir 2013 go dtí 31 Nollaig 2013. Cuimsíonn an t-olltuarastal coigeartú de réir na riachtanas a shainítear faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington. Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin na teidlíochtaí pinsin i scéim aoisliúntais sochair shainithe na hearnála poiblí.

**3.2** In 2013, d'íoc an Chomhairle €133,885 san iomlán leis an Roinn Sláinte i ndáil leis an tobhach pinsin.

**3.3** Ní dhearnadh aon íocaíocht bhónais leis an bhfoireann in 2013.

**3.4** Íocadh táillí de €90,356 san iomlán le 19 gcomhalta Comhairle a bhí ina dteideal in 2013 (féach thíos).

Ina theannta sin, íocadh €15,693 le comhaltaí Comhairle i ndáil le caiteachas in-aisíoctha taistil agus maireachtála.

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Dr Richard Assaf | €1,924 | An tOllamh Fidelma Dunne | €4,489 |
| An Dr Richard Brennan | €3,207 | An Dr Bairbre Golden | €4,489 |
| An tUasal Katharine Bulbulia | €7,055 | An Dr Ruairí Hanley | €4,489 |
| An tUasal Margaret Murphy | €7,696 | An tOllamh Alan Johnson | €4,489 |
| An tUasal Frank McManus | €3,207 | An Dr John Barragry | €4,489 |
| An Dr Daniel O'Hare | €3,207 | An tOllamh Colm O'Herlihy | €4,489 |
| An tOllamh Diarmuid O'Donoghue | €3,207 | An Dr Michael Ryan | €7,055 |
| An tUasal Anne Carrigy | €7,696 | An tUasal Catherine Whelan | €4,489 |
| An tUasal Marie Murray | €3,207 | An tOllamh Freddie Wood | €6,983 |
| An Dr Rita Doyle | €4,489 | | |

**3.5** Nuair a bhí an tOllamh Kieran Murphy ina Uachtarán ar an gComhairle, go dtí Meitheamh 2013, bhí ar Ospidéal Beaumont dochtúirí ionaid a íoc chun a áit a ghlacadh fad is a bhí sé i mbun gnó de chuid na Comhairle. Íocadh €16,980 le hOspidéal Beaumont mar aisíocaíocht.

**3.6** Chomh maith leis an gcaiteachas a luadh in 3.4 agus 3.5 thuas, tabhaíodh €480,039 san iomlán ar chruinnithe agus ar oibríochtaí na Comhairle mar leanas:

- €218,858 i leith caiteachas taistil agus maireachtála a thabhaigh comhaltaí Comhairle, comhaltaí Coiste agus comhaltaí foirne agus iad i mbun oibríochtaí oifigiúla Comhairle.
- €175,292 i leith liúntais a íocadh le 52 duine ar comhaltaí iad d'fhochoistí agus de ghrúpaí oibre. Idir €300 agus €19,500 a bhí na híocaíochtaí aonair.
- €85,889 i leith costais lónadóireachta le haghaidh na Comhairle, na bhFo-Choistí agus na bhFiosrúchán.

Cuimsíonn an caiteachas sin fáiltiú do chomhaltaí na Comhairle ó 2008 – 2013 ar chostas €7,573 agus dinnéar foirne Nollag ar chostas €2,116, gan ranníocaíochtaí ón bhfoireann a chur san áireamh.

**3.7** I gcaitheamh 2013 caitheadh €126,673 ar chostais chomhaltaí na Comhairle a bhaineann le rothlú 5 bliana na Comhairle. Cuimsíonn sé sin costais ar an toghchán, ar oiliúint agus ar ionduchtú.

**3.8** In 2011 cheannaigh Comhairle na nDochtúirí Leighis gléasanna táibléid do gach comhalta den Chomhairle ar mheánchostas €800. Ar chríochnú a dtéarma oifige dóibh i mí na Bealtaine 2013, tugadh deis do na comhaltaí den Comhairle a bhí ag dul ar scor a ngléas táibléid a cheannach ar tháille ainmniúil €50. Thapaigh 19 gcomhalta an deis.

## 4. CÁNACHAS

Tugann Alt 32 den Acht Airgeadais 1994 díolúine ó cháin ar ioncam infheistíochta de chuid Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Níl Comhairle na nDochtúirí Leighis i dteideal aisíocaíocht DIRT áfach, sa chás go n-asbhaintear sin ó ús taisce.

Is comhlacht Stát-Urraithe Neamhthráchtála í Comhairle na nDochtúirí Leighis taobh istigh de bhrí Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha agus Sceideal 4 den Acht sin.

Ní ghearrann Comhairle na nDochtúirí Leighis CBL ar a cuid táillí ná ní aiséilíonn sí CBL ar a cuid ceannachán.

# 5. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

| | Foirgnimh agus trealamh léasachta | Trealamh oifige | Daingneáin agus feistis | Trealamh ríomhaireachta | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas nó luacháil** | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Amhail an 1 Eanáir 2013 | 3,808,594 | 297,353 | 1,461,786 | 2,504,302 | 8,072,035 |
| Méideanna breise | 88,897 | 4,238 | 15,109 | 250,671 | 358,915 |
| Athluacháil | (900,000) | - | - | - | (900,000) |
| Ag 31 Nollaig 2013 | 2,997,491 | 301,591 | 1,476,895 | 2,754,973 | 7,530,950 |
| **Dímheas** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2013 | 591,459 | 291,492 | 975,638 | 2,317,525 | 4,176,115 |
| Muirear i gcomhair na bliana | 101,643 | 4,249 | 141,212 | 193,812 | 440,916 |
| Athluacháil | - | - | - | - | - |
| Ag 31 Nollaig 2013 | 693,102 | 295,741 | 1,116,850 | 2,511,337 | 4,617,030 |
| **Glanluach de réir na leabhar** | | | | | |
| Ag 31 Nollaig 2013 | 2,304,389 | 5,850 | 360,045 | 243,636 | 2,913,920 |
| Ag 31 Nollaig 2012 | 3,217,135 | 5,861 | 486,148 | 186,777 | 3,895,920 |

Rinne HWBC luacháil ar 18 Nollaig 2013 agus ba é an toradh a bhí ar an luacháil sin gur athluacháladh réadmhaoin Lynn House i leabhair na Comhairle ó €2m go €1.1m. Luacháladh an réadmhaoin ar bhonn margadh oscailte. Is ionann costas stairiúil na réadmhaoine agus €1,650,298. Tá an Chomhairle ar an eolas faoi na forbairtí reatha sa mhargadh réadmhaoine agus tá sí ag coinneáil na ceiste seo faoi athbhreithniú.

Liostaithe i measc na luachanna le haghaidh daingneán agus feisteas tá bailiúchán beag d'ealaín mhaisiúil atá sna hoifigí ag Kingram House. Tá an saothar ealaíne seo luacháilte de réir threoracha FRS 30 – Sócmhainní Oidhreachta. Luach anonn €23,294 atá air faoi láthair.

# 6. SÓCMHAINNÍ SEASTA AIRGEADAIS

| Costas na n-infheistíochtaí liostaithe | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|
| Ag 1 Eanáir | **2,796,356** | 2,684,807 |
| Méadú ar luach na hinfheistíochta | **89,294** | 102,234 |
| Ioncam infheistíochta | **34,858** | 27,672 |
| Táille bhainistíochta | **(28,123)** | (30,529) |
| Ioncam úis | **47,515** | 12,172 |
| Ag 31 Nollaig | **2,939,900** | 2,796,356 |

# 7. FÉICHIÚNAITHE

| | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|
| Réamhíocaíochtaí | **1,169,888** | 1,337,659 |
| Féichiúnaithe trádála | **81,441** | 83,273 |
| Ilfhéichiúnaithe | **181,448** | 188,452 |
| | **1,432,777** | 1,609,384 |

San áireamh sna réamhíocaíochtaí tá méid de €807,000 ar íocaíocht cíosa láithreach ar réadmhaoin Kingram House é, a íocadh ar 11 Márta 2008.

# 8. CREIDIÚNAITHE

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| **Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin** | **€** | **€** |
| Creidiúnaithe trádála agus fabhruithe | **783,633** | 1,267,755 |
| Ioncam iarchurtha – Táillí coinneála (Nóta 9) | **3,923,191** | 3,791,326 |
| Soláthar do chostais dlí | **394,100** | 298,165 |
| | **5,100,924** | 5,357,246 |
| **Gluaiseacht sa soláthar dlí:** | | |
| Soláthar dlí ag 1 Eanáir 2013 | **298,165** | |
| Úsáidte in 2013 | **(105,259)** | |
| Soláthar déanta dó in 2014 | **201,194** | |
| | **394,100** | |

# 9. IONCAM IARCHURTHA – TÁILLÍ COINNEÁLA

Bhain sé seo le táillí a fuarthas i leith tréimhsí i ndiaidh dheireadh na bliana

# 10. COSTAIS PHINSIN

## A. Anailís ar iomlán na gcostas pinsin gearrtha ar chaiteachas

| Costas na n-infheistíochtaí liostaithe | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|
| Costais seirbhíse reatha | **610,000** | 490,000 |
| Ús ar dhliteanais na scéime pinsin | **630,000** | 620,000 |
| Ranníocaíochtaí fostaithe | **(133,229)** | (133,985) |
| | **1,106,771** | 976,015 |

## B. Gluaiseacht i nglandliteanas pinsin le linn na bliana airgeadais

| Costas na n-infheistíochtaí liostaithe | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|
| Glandliteanas pinsin amhail an 1 Eanáir | **11,400,000** | 11,300,000 |
| Costas seirbhíse reatha | **610,000** | 490,000 |
| Costais úis | **630,000** | 620,000 |
| (Gnóthachan)/caillteanas achtúireach | **(754,000)** | (686,000) |
| Pinsin íoctha le linn na bliana | **(286,000)** | (324,000) |
| Glandliteanas pinsin ag 31 Nollaig | **11,600,000** | 11,400,000 |

## C. Stair na n-oibleagáidí maidir le sochar sainithe

| | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|
| Oibleagáidí maidir le sochar sainithe | **11,600,000** | 11,400,000 |
| Gnóthachain ó thaithí ar mhéid dhliteanais na scéime | **754,000** | 686,000 |
| Céatadán de dhliteanais na scéime | **(6%)** | (6%) |

€2,124,000 atá sa ghnóthachan achtúireach carnach a aithnítear sa Ráiteas faoi Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta.

## D. Cur síos ginearálta ar an scéim

Socruithe pinsin le sochar sainithe, bunaithe ar thuarastal deiridh, atá sna scéimeanna pinsin. Tá na sochair agus na ranníocaíochtaí sainithe faoi threoir na rialachán a bhaineann le scéimeanna san earnáil phoiblí de réir an "mhúnla" reatha. Is éard a sholáthraíonn an scéim ná pinsean (an t-ochtódú cuid in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhise), pinsean céile agus pinsean leanaí. Is é 62ú breithlá an chomhalta an mheánaois scoir. Roimh 1 Aibreán 2004 is é 60 an íosaois phinsin agus is é 65 an uasaois scoir. Do dhaoine nua sa scéim a ceapadh i bpost san earnáil phoiblí ar 1 Aibreán 2004 nó ina dhiaidh, is é 65 an íosaois phinsin agus níl aon aois scoir sheasta ann. De ghnáth, ardaíonn pinsin atá á n-íoc (agus pinsin iarchurtha) i gcomhréir le boilsciú ginearálta tuarastal san earnáil phoiblí.

Tá an luacháil a úsáideadh le haghaidh FRS 17 – Nochtadh Sochar Scoir (Athbhreithnithe) bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán ag 31 Nollaig 2013 a rinne achtúire neamhspleách cáilithe ag cur riachtanais an FRS san áireamh d'fhonn dliteanais na scéime a mheasúnú ag 31 Nollaig 2013.

**Ba iad seo a leanas na príomh-fhoshuíomhanna achtúireacha:**

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| Ráta méadaithe ar thuarastail | **4.0%** | 4.0% |
| Ráta méadaithe ar phinsin á n-íoc | **4.0%** | 4.0% |
| Ráta lascaine | **5.5%** | 5.5% |
| Ráta boilscithe | **2.0%** | 2.0% |

### Bonn básmhaireachta

PMA80 (C = 2000) i gcás na bhfear agus PFA80 (C = 2000) i gcás na mban, le hasbhaint dhá bhliain i ngach cás.

## 11. CÚLCHISTÍ

| | Cúlchiste pinsin | Cúlchiste athluachála | Barrachas carntha | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| 1 Eanáir 2013 | (11,400,000) | 1,016,127 | 12,326,438 | 1,942,565 |
| Athluacháil infheistíochtaí | - | 89,294 | - | 89,294 |
| Athluacháil foirgneamh | - | (900,000) | - | (900,000) |
| Easnamh i gcomhair na bliana | - | - | (613,690) | (613,690) |
| Gnóthachan achtúireach pinsin i gcomhair na bliana | 754,000 | - | - | 754,000 |
| Aistriú go dtí an cúlchiste pinsin | (954,000) | - | 954,000 | - |
| Ag 31 Nollaig 2013 | (11,600,000) | 205,421 | 12,666,748 | 1,272,169 |

Is ionann an cúlchiste pinsin agus costas carnach na bpinsean lúide na méideanna a íocadh go dtí seo. Is ionann an t-aistriú sa bhliain agus an difríocht idir costas iomlán na bpinsean a aithnítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain agus na méideanna a íocadh sa bhliain.

## 12. CEANGALTAIS MAIDIR LEIS AN LÉAS OIBRIÚCHÁIN

Ar 10 Márta 2008, shínigh Comhairle na nDochtúirí Leighis comhaontú léasa cúig bliana le haghaidh a háitribh nua, Kingram House, ar chíos bliantúil €820,000. Chuaigh an léas in éag ar 31 Nollaig 2012. Bhí rogha ann freisin geallsealbhóireacht Tanat Limited (ina gcorpraítear Kingram House) a cheannach ar phraghas seasta. Chuaigh an rogha sin in éag ar 31 Márta 2011. Ó tharla nár fheidhmigh an Chomhairle a rogha, bhí céadrogha ar cheannach ag Tanat Limited a cheangail ar an gComhairle dul i mbun léas fadtréimhseach fiche bliain ar chíos bliantúil €820,000. Thosaigh an léas 20 bliain sin ar 1 Eanáir 2013 agus rachaidh sé in éag ar 31 Nollaig 2032.

Bhí téarmaí an léasa faoi réir Dlíthíocht Ard-Chúirte agus rialaigh an chúirt i bhfabhar Tanat Ltd. Tá achomharc déanta ag an gComhairle i gcoinne an chinnidh sin. Tá an páipéar uile i ndáil leis an bhFógra Achomhairc taiscthe leis an gCúirt Uachtarach agus tá an t-achomharc iontráilte ar liosta na Cúirte Uachtaraí.

Idir an dá linn níl an léas 20 bliain curtha chun feidhme ag an gComhairle agus tá iarrtha aici ar Tanat Ltd. dul i mbun gníomhas athraithe a chlúdódh aon chíos ró-íoctha go dtí an t-achomharc chuig an gCúirt Uachtarach sa chás go gcuirfeadh an Chúirt Uachtarach rialú na hArd-Chúirte ar ceal.

## 13. ÁITREABH NUA

Déanann an Chomhairle a cuid oibre ón áitreabh thuasluaite ag Kingram House, Plás Kingram, Baile Átha Cliath 2. Roimhe seo bhí an Chomhairle ag obair ó Lynn House, Bóthar Ráth Maonais Íochtarach, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6. Is le Comhairle na nDochtúirí Leighis an réadmhaoin ag Lynn House agus tá an réadmhaoin seo ligthe ar léas aici le tionónta.

## 14. DLITEANAIS THEAGMHASACHA

Tá roinnt imeachtaí Ard-Chúirte tógtha i gcoinne Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Tá an Chomhairle ag cur in aghaidh na n-imeachtaí go tréan agus tá sí sásta nach n-éireoidh leo agus níl soláthar déanta aici d’aon dliteanas a thiocfadh astu. Tá soláthar déanta i nóta 8 do chostais na Comhairle i ndáil le cur in aghaidh na n-imeachtaí.

D’fhéadfadh go dtabhódh an Chomhairle costais bhreise i leith cás atá faoi achomharc faoi láthair chuig an gCúirt Uachtarach (féach nóta 12). Ó tharla go bhfuil an toradh éiginnte agus ionas nach ndéanfaí dochar dá seasamh, níl aon mheastachán ar na héifeachtaí féideartha airgeadais á nochtadh.

## 15. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D’fhaomh an Chomhairle na Ráitis Airgeadais ar 28 Márta 2014.

# AGUISÍN A – FREASTAL CHOMHALTAÍ NA COMHAIRLE AR NA CRUINNITHE

| Comhalta den Chomhairle (Eanáir – Bealtaine 2013) | Líon na gcruinnithe ar a ndearna sé/sí freastal | 7 Ean – Urghnách | 31 Ean | 12 Fea - Urghnách | 28 Fea - Urghnách | 20 & 21 Márta | 10 Bea – Urghnách | 16 & 17 Bealtaine | 23 Bea – Urghnách |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Dr Richard Assaf (ceaptha 28 Feabhra 2013 – tháinig sé in áit an Ollaimh Anthony Cunningham) | 4 | Ní raibh ceaptha | | | | • | • | • | • |
| An Dr Richard Brennan | 4 | | • | | • | • | | • | |
| An tUasal Brendan Broderick | 7 | • | • | • | | • | • | • | • |
| An tUasal Katharine Bulbulia | 6 | • | • | • | | • | • | • | |
| An tOllamh Gerard Bury | 6 | | • | • | • | • | | • | • |
| An tUasal Anne Carrigy | 5 | • | | • | | • | • | • | |
| An Dr Anna Clarke | 7 | • | • | • | | • | • | • | • |
| An Dr Regina Connolly | 4 | • | | | • | • | • | | |
| An tOllamh Des Fitzgerald (ceaptha 28 Feabhra 2013 – tháinig sé in áit an Ollaimh William Powderly) | 4 | Ní raibh ceaptha | | | | • | • | • | • |
| An Dr Pauline Kane | 0 | | | | | | | | |
| An tUasal Marie Kehoe O'Sullivan | 3 | • | • | | | | | • | |
| An Dr John McAdoo | 5 | • | | • | • | • | | • | |
| An tUasal Frank McManus | 3 | | | | | • | • | • | |
| An tOllamh Damien McLoughlin | 1 | | • | | | | | | |
| An Dr Deirdre Madden | 2 | • | | | | | • | | |
| An Dr John Monaghan | 5 | • | • | | • | • | • | | |
| An tOllamh Kieran Murphy | 8 | • | • | • | • | • | • | • | • |
| An tUasal Margaret Murphy | 3 | • | | | | • | | • | |
| An tUasal Marie Murray | 5 | • | • | • | • | • | | | |
| An tOllamh Diarmuid O'Donoghue | 6 | • | • | • | | • | • | • | |
| An Dr Daniel O'Hare | 4 | • | | | | • | | • | • |
| An Dr David O'Keeffe | 4 | • | • | | | • | | • | |
| An Dr John O'Mullane | 5 | • | • | | | • | | • | • |
| An Dr Michael Ryan | 6 | • | | • | • | • | • | • | |
| An tUasal Cornelia Stuart (ceaptha 28 Feabhra 2013 – tháinig sí in áit an Uasail Marie Keogh O'Sullivan mar ionadaí FSS) | 1 | Ní raibh ceaptha | | | | | | • | |

| Freastal ar an gComhairle Comhalta den Chomhairle (Meitheamh 2013 – Nollaig 2013) | Líon na gcruinnithe ar a ndearna sé/sí freastal | 28 Meitheamh | 16 Iúil (Urghnách) | 23 Iúil | 24 Iúil | 19 M.F. | 20 M.F. | 7 Samh | 8 Samh | 11 Noll | 12 Noll |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Dr John Barragry | 6 | • | • | | | • | • | | | • | • |
| An Dr Anthony Breslin | 10 | • | • | • | • | • | • | • | • | • | • |
| An tUasal Katharine Bulbulia | 10 | • | • | • | • | • | • | • | • | • | • |
| An tUasal Declan Carey | 10 | • | • | • | • | • | • | • | • | • | • |
| An tUasal Anne Carrigy | 7 | • | • | • | • | • | • | | | • | |
| An Dr Seán Curran | 10 | • | • | • | • | • | • | • | • | • | • |
| An Dr Audrey Dillon | 9 | • | • | • | • | • | | • | • | • | • |
| An Dr Rita Doyle | 8 | • | • | • | • | | | • | • | • | • |
| An tUasal Mary Duff | 6 | • | • | • | • | • | • | | | | |
| An tOllamh Fidelma Dunne | 5 | • | | • | • | • | • | | | | |
| An Dr Bairbre Golden | 6 | • | • | • | • | • | | | | • | |
| An Dr Ruairí Hanley | 7 | • | | | | • | • | • | • | • | • |
| An tUasal Seán Hurley | 9 | • | | • | • | • | • | • | • | • | • |
| An tOllamh Alan Johnson | 10 | • | • | • | • | • | • | • | • | • | • |
| An tUasal Marie Kehoe O'Sullivan | 4 | • | • | • | • | | | | | | |
| An tOllamh Mary Leader | 7 | | • | • | • | • | • | | • | | • |
| An Comhairleoir Sally Mulready | 2 | • | | | | • | | | | | |
| An tUasal Margaret Murphy | 6 | • | • | • | • | • | • | | | | |
| An tUasal John Nisbet | 10 | • | • | • | • | • | • | • | • | • | • |
| An tOllamh Colm O'Herlihy | 9 | • | • | • | • | • | • | • | • | | • |
| An Dr Michael Ryan | 7 | • | • | • | • | • | • | | | • | |
| An tUasal Cornelia Stuart | 9 | • | • | • | • | • | • | • | | • | • |
| An Dr Consilia Walsh | 7 | | • | | • | • | • | | • | • | • |
| An tUasal Catherine Whelan | 7 | • | • | • | • | • | • | | | • | |
| An tOllamh Freddie Wood | 10 | • | • | • | • | • | • | • | • | • | • |

# AGUISÍN B – STAITISTICÍ CLÁRÚCHÁIN

Cinntíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis nach mbíonn ach dochtúirí atá cáilithe i gceart cláraithe in Éirinn agus nach mbíonn cead ach ag na dochtúirí sin cleachtadh in Éirinn. Tugann an clár liosta de shonraí na ndochtúirí sin, a bhfuil a gcuid cáilíochtaí aitheanta ag an gComhairle. Tugann sé cinnteacht don phobal maidir le dea-sheasamh agus inniúlacht leanúnach dochtúra.

Tá an clár foilsithe ar www.medicalcouncil.ie ionas gur féidir leis an bpobal a sheiceáil cé acu atá dochtúir liostaithe nó nach bhfuil.

| **Rannán den Chlár Leighis** | **%** | **Líon na nDochtúirí Cláraithe 31.12.13** |
|---|---|---|
| Rannán Ginearálta | 41% | **7,423** |
| Rannán na Speisialtóirí | 42% | **7,567** |
| Rannán na Speisialtóirí faoi Oiliúint | 13% | **2,355** |
| Clárú Intéirneach | 4% | **788** |
| Rannán Maoirsithe | 0% | **18** |
| Dochtúirí ar Cuairt ón Limistéar Eorpach Eacnamaíoch | 0% | **9** |
| **Iomlán** | 100% | **18,160** |

| **Inscne na ndochtúirí ar an gclár** | **Fir** | **Mná** |
|---|---|---|
| **Líon iomlán na ndochtúirí atá cláraithe** | **10,666** | **7,494** |
| % | 59% | 41% |

# Aguisín B – Staitisticí Clárúcháin (amhail an 31.12.13)

Ar aon dul leis an reachtaíocht, tá riachtanais chlárúcháin éagsúla ann, ag brath ar an Scoil Leighis óna bhfuair an dochtúir a c(h)éim. Léiríonn catagóirí na n-iarratasóirí cé chomh domhanda is atá an fórsa saothair leighis in Éirinn.

| Catagóirí na n-iarratasóirí le haghaidh clárúcháin | % | Líon |
|---|---|---|
| Catagóir 1 (Cháiligh in Éirinn) | 66% | 11,972 |
| Catagóir 2 (Saoránaigh agus céimithe AE) | 9% | 1,617 |
| Catagóir 3 (Céimithe AE ó lasmuigh de AE) | 2% | 400 |
| Catagóir 4 (Cháiligh lasmuigh de AE/LEE) | 23% | 4,171 |
| **Iomlán** | 100% | 18,160 |

**Catagóir 1** - Céimithe de chuid scoileanna leighis na hÉireann.

**Catagóir 2** - Saoránaigh AE a bhain a gcéim amach i scoil leighis de chuid AE agus/nó tá a gcuid cáilíochtaí aitheanta faoi Threoir AE 2005/36/EC (aithint cáilíochtaí gairmiúla do shaoránaigh AE).

**Catagóir 3** - Dochtúirí nach saoránaigh AE iad a bhain a gcéim amach i scoil leighis de chuid AE agus/nó bheadh a gcuid cáilíochtaí aitheanta faoi Threoir AE 2005/36/EC (aithint cáilíochtaí gairmiúla) dá mba shaoránaigh AE iad.

**Catagóir 4** - Dochtúirí nach gcomhlíonann na critéir le haghaidh ceann ar bith de na catagóirí thuas.

| Raon aoise na ndochtúirí atá cláraithe | % | Líon |
|---|---|---|
| 20-35 | 32% | 5,775 |
| 36-45 | 28% | 5,008 |
| 46-55 | 22% | 3,907 |
| 56-64 | 12% | 2,264 |
| 65+ | 7% | 1,206 |
| **Iomlán** | 100% | 18,160 |

# Aguisín B – Staitisticí Clárúcháin – An Coiste Sláinte

Tugann an Coiste Sláinte tacaíocht do dhochtúirí a bhfuil míchumas liachta iomchuí orthu agus do dhochtúirí a bhfuil gealltanas tugtha acu don Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh go nglacfaidh siad le cóir leighis.

| | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| **Líon na ndochtúirí a d'fhreastail ar an gCoiste Sláinte** | **45** | **39** | **32** |

| | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| **Na cúiseanna ar cuireadh ar aghaidh chuig an gCoiste Sláinte iad** | **45** | **39** | **32** |
| Alcól | 3 | 5 | 4 |
| Alcól agus drugaí | 7 | 6 | 8 |
| Drugaí amháin | 8 | 10 | 9 |
| Míchumas meabhrach | 24 | 12 | 10 |
| Neamhord néareolaíoch | 2 | 1 | 1 |
| Comhghalracht – heipitíteas/mí-úsáid drugaí | 1 | 3 | 1 |

| | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| **An fhoinse a chuir ar aghaidh chuig an gCoiste Sláinte iad** | **45** | **39** | **32** |
| É/í féin | 14 | 7 | 6 |
| Tríú Páirtí | 15 | 18 | 17 |
| An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh Alt 67 | 4 | 6 | 4 |
| Fiosrúchán um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh | 12 | 3 | 5 |

# AGUISÍN C – STAITISTICÍ MAIDIR LE GEARÁIN AGUS LE FIOSRÚCHÁIN UM FHEIDHMIÚLACHT CHUN CLEACHTADH

Freagraíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis do ghearáin a dhéantar faoi dhochtúirí le próiseas atá cóir agus láidir, chun leas an phobail a chosaint. Is féidir le duine ar bith gearán a dhéanamh faoi dhochtúir. Cuimsíonn sé sin daoine den phobal, fostóir dochtúra, gairmithe cúram sláinte eile agus Comhairle na nDochtúirí Leighis í féin.

| **Foinse na ngearán a fuarthas in 2013** | **Líon** |
|---|---|
| Institiúid cúram sláinte (ospidéil phríobháideacha, tithe altranais etc) | **7** |
| Gairmí cúram sláinte | 28 |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 1 |
| Duine den phobal | 335 |
| Comhlacht rialála Éireannach eile | 1 |
| Grúpa abhcóideachta othar | 1 |
| Aturnae nó gnólacht aturnaetha nach raibh ag gníomhú thar ceann duine den phobal (i.e. ag déanamh gearáin nár cuireadh tuarascáil ar fáil etc) | 9 |
| Comhairle na nDochtúirí Leighis – tarringíodh aird Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar iompar an dochtúra trí na meáin nó ar bhealach eile* | 14 |
| Comhairle na nDochtúirí Leighis, tar éis do chomhlacht i stát eile é a chur in iúl dóibh | 4 |
| **Iomlán** | **400** |

* Rinneadh an gearánach de Chomhairle na nDochtúirí Leighis i gcás 14 ghearán in 2013. Ach nuair a dhéantar an gearánach de Chomhairle na nDochtúirí Leighis tar éis dóibh an fógra a fháil ó pháirtí a chuireann in iúl ina dhiaidh sin nach mian leo go ndéanfaí an gearánach díobh, cibé duine nó eagraíocht ónar tháinig an fógra (i.e. FSS, Gairmí Cúram Sláinte etc.), sin foinse an ghearáin de réir ár dtaifead. Sa chás go bhfuarthas fógra ó rialtóir eile nó gurbh iad na meáin a tharraing aird na Comhairle ar an dochtúir, is iad Comhairle na nDochtúirí Leighis foinse an gearáin de réir na dtaifead.

# Aguisín C – Staitisticí maidir le gearáin agus le Fiosrúcháin um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh

## Cineálacha gearán a fuarthas

Fuarthas 400 gearán in 2013. Tá catagóirí na ngearán ag freagairt don Treoir um Iompar Gairmiúil agus Eitic do Lia-Chleachtóirí Cláraithe, treoir de chuid Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Is féidir le cás-oifigigh gearán a chur i níos mó ná catagóir amháin, e.g. gearán i ndáil le cumarsáid lag, d'fhéadfadh go mbeadh sé luaite freisin gur theip ar an dochtúir othar a tharchur. Dá bhrí sin, ní hionann an móriomlán thuas agus líon na ngearán a fuarthas i gcaitheamh na bliana.

| Iompar gairmiúil | Líon |
|---|---|
| Ciontuithe coiriúla | 0 |
| Comhairle na nDochtúirí Leighis a chur ar an eolas maidir le himeachtaí/cinntí rialála eile, cúisimh choiriúla agus/nó ciontuithe coiriúla. Ciontuithe Coiriúla | 4 |
| Sárú ar Acht na Lia-Chleachtóirí 2007 | 1 |
| Mímhacántacht | 14 |
| **Iomlán** | **19** |
| **Freagrachtaí i leith othar** | |
| Dualgais tuairiscithe i dtaobh mí-úsáid páistí/daoine aosta/daoine fásta leochaileacha | 1 |
| Caitheamh le hothair le dínit | 34 |
| Diúltú cóir leighis a chur ar othar | 25 |
| Diúltú coinsiasach | 0 |
| Cásanna éigeandála | 4 |
| Scileanna gairmiúla cuí | 46 |
| Scileanna teanga sásúla | 11 |
| Cumarsáid | 114 |
| Scrúduithe fisiciúla agus dlúthscrúduithe | 15 |
| Caidreamh pearsanta le hothair | 2 |
| Atáirgeadh daonna cuidithe | 0 |
| Cúram deireadh saoil | 2 |
| **Iomlán** | **254** |

| Taifid leighis agus rúndacht | Líon |
|---|---|
| Taifid leighis ar na hothair atá cruinn agus cothrom le dáta a choimeád | 19 |
| Rúndacht | 13 |
| **Iomlán** | **32** |
| **Cleachtas gairmiúil** | |
| Inniúlacht a chothabháil | 1 |
| Imní faoi chomhghleacaithe a thuairisciú | 3 |
| Caidreamh gairmiúil idir comhghleacaithe | 14 |
| Slánaíocht ghairmiúil | 3 |
| Glacadh le poist | 1 |
| Cóir leighis a chur ar ghaolta | 4 |
| Fógraíocht | 4 |
| Eolas ar an áitreabh agus ar an gcleachtas | 1 |
| Tuairiscí liachta | 27 |
| Deimhniú | 4 |
| Cógas a ordú | 34 |
| Othair a tharchur | 22 |
| Socrú maidir le dochtúirí ionaid agus le róta | 0 |
| Teilileigheas | 1 |
| Scor agus aistriú cúram othar | 0 |
| Táillí | 7 |
| **Iomlán** | **126** |

# Aguisín C – Staitisticí maidir le gearáin agus le Fiosrúcháin um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh

| Míchumas liachta iomchuí | Líon |
|---|---|
| Mí-úsáid alcóil | 1 |
| Mí-úsáid drugaí | 3 |
| Meabhairghalar nó tinneas iompraíochta | 5 |
| Tinneas coirp | 1 |
| **Iomlán** | **10** |

| Cóir leighis | Líon |
|---|---|
| Toiliú | 17 |
| Imscrúduithe agus scrúduithe cliniciúla | 80 |
| Diagnóis | 123 |
| Cúram leantach | 74 |
| Gnáthaimh mháinliachta | 32 |
| Leanúnachas an chúraim | 29 |
| **Iomlán** | **355** |


Fuarthas 400 gearán in 2013, agus bhí 503 dochtúir i gceist.

| Bliain | 2013 | 2012 | 2011 | 2010 |
|---|---|---|---|---|
| Líon na ndochtúirí a ndearnadh gearán ina gcoinne | 503 | 494 | 433 | 384 |
| Líon na ndochtúirí ar an gclár | 18160 | 18184 | 18182 | 18770 |
| % na ndochtúirí a ndearnadh gearán ina gcoinne | 2.8% | 2.7% | 2.4% | 2.0% |

# Aguisín C – Staitisticí maidir le gearáin agus le Fiosrúcháin um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh

| Rannán den Chlár Leighis | Líon na ndochtúirí a ndearnadh gearán ina gcoinne |
|---|---|
| An Rannán Ginearálta | 143 |
| An Rannán Speisialtóirí | 340 |
| An Rannán Speisialtóirí faoi Oiliúint | 15 |
| Cláru Intéirneach | 3 |
| An Rannán Maoirsithe | 2 |
| Iomlán | 503 |


## Comhréir na ndochtúirí a ndearnadh gearán ina gcoinne i gcomparáid leis an gcomhréir de líon iomlán na ndochtúirí atá cláraithe, i gcás gach rannán de Chlár na nDochtúirí Leighis



# Aguisín C – Staitisticí maidir le gearáin agus le Fiosrúcháin um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh

| Raon aoise | Líon na ndochtúirí a ndearnadh gearán ina gcoinne |
|---|---|
| 20-35 bliain | 34 |
| 36-45 bliain | 126 |
| 46-55 bliain | 153 |
| 56-64 bliain | 135 |
| 65 + bliain | 55 |
| Iomlán | 503 |


## Comhréir na ndochtúirí a ndearnadh gearán ina gcoinne i gcomparáid leis an gcomhréir de líon iomlán na ndochtúirí atá cláraithe, de réir aoise



# Aguisín C – Staitisticí maidir le gearáin agus le Fiosrúcháin um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh


| Inscne | Líon na ndochtúirí a ndearnadh gearán ina gcoinne |
|---|---|
| Fir | 358 |
| Mná | 145 |

## Comhréir na ndochtúirí a ndearnadh gearán ina gcoinne i gcomparáid leis an gcomhréir de líon iomlán na ndochtúirí atá cláraithe, de réir inscne




| Catagóir an iarratasóra | Líon na ndochtúirí a ndearnadh gearán ina gcoinne |
|---|---|
| Catagóir 1 (Cháiligh in Éirinn) | 377 |
| Catagóir 2 (Saoránaigh agus Céimithe AE) | 52 |
| Catagóir 3 (Céimithe AE ó lasmuigh de AE) | 5 |
| Catagóir 4 (Cháiligh lasmuigh de AE/LEE) | 69 |
| **Iomlán** | **503** |

## Comhréir na ndochtúirí a ndearnadh gearán ina gcoinne i gcomparáid leis an gcomhréir de líon iomlán na ndochtúirí atá cláraithe, de réir inscne



# Aguisín C – Staitisticí maidir le gearáin agus le Fiosrúcháin um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh

Nuair a fhaightear gearán faoi dhochtúir cláraithe, breithníonn Coiste Réamhimeachtaí Chomhairle na nDochtúirí Leighis an fhaisnéis a fuarthas chomh maith le faisnéis ar bith ón dochtúir. Déanfaidh an Coiste Réamhimeachtaí cinneadh ar cé acu ba chóir nó nár chóir an cás a chur chuig Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh Chomhairle na nDochtúirí Leighis le haghaidh fiosrúcháin.

I gcás ar bith eile tagann an Coiste Réamhimeachtaí ar an tuairim

a) nach bhfuil aon bheart eile ag teastáil

b) gur gá an gearán a tharchur chuig comhlacht nó údarás eile nó chuig scéim inniúlachta gairmiúla

c) go bhfuil idirghabháil ag teastáil

Déanann an Chomhairle cinneadh bunaithe ar thuairimí an Choiste Réamhimeachtaí nó is féidir léi treoir a thabhairt go ndéanfaí an gearán a tharchur le haghaidh fiosrúcháin.

Is féidir gearáin a fhaightear in aon bhliain faoi leith a chur ar aghaidh go dtí an chéad bhliain eile. Dá bhrí sin, tá difríocht idir líon na gcinntí (*prima facie* agus neamh-*prima facie*) agus líon na ngearán a fuarthas.

| **Cinntí a rinneadh** | **2013** | **2012** | **2011** | **2010** |
|---|---|---|---|---|
| Cinneadh *prima facie* (glaodh Fiosrúchán um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh) | **32** | **56** | **39** | **55** |
| Gan beart eile a dhéanamh | **346** | **306** | **299** | **227** |
| Idirghabháil | **9** | **5** | **6** | **16** |
| Tarchurtha chuig Scéim Inniúlachta Gairmiúla | **4** | **5** | **-** | **-** |
| Tarchurtha chuig comhlacht eile | **9** | **9** | **1** | **-** |
| Tarraingíodh siar an gearán | **12** | **15** | **22** | **16** |
| **Líon iomlán na gcásanna** | **412** | **396** | **367** | **314** |

| **Fiosrúcháin um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh a reáchtáladh in 2013** | |
|---|---|
| Críochnaithe | **39** |
| Curtha ar athló | **1** |
| Ar feitheamh (amhail an 31/12/13) | **26** |


| | |
|---|---|
| Líon na laethanta a caitheadh ar na fiosrúcháin* | **67** |
| Meánlíon laethanta in aghaidh an fhiosrúcháin | **1.8** |

***cuimsíonn sé 7 lá de réamhchruinnithe um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh**

# Aguisín C – Staitisticí maidir le gearáin agus le Fiosrúcháin um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh

**Réamhchruinnithe um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh** – tugtar cuireadh do dhochtúirí agus d'ionadaithe dlí na ndochtúirí freastal os comhair an choiste agus socraítear dátaí le haghaidh éisteachtaí, déantar cinneadh an reáchtálfar fiosrúchán go príobháideach, go poiblí nó go páirtphoiblí agus déantar cinneadh maidir le haon réamhcheist eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

## Fiosrúcháin um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh





## Trédhearcacht

Féachann Comhairle na nDochtúirí Leighis lena cuid oibre a dhéanamh ar bhealach atá oscailte agus trédhearcach chun muinín na ndochtúirí agus an phobail a chinntiú. I mí an Mhárta 2009, éisteadh an chéad fhiosrúchán poiblí faoi Acht na Lia-Chleachtóirí 2007. Reáchtáiltear gach fiosrúchán go poiblí ach amháin má dhéanann an gearánach, an dochtúir, nó finné iarratas go reáchtálfaí an fiosrúchán ar fad, nó cuid de, go príobháideach, agus má bhíonn an Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh sásta gur chuí é sin a dhéanamh sa chás sin. Roimh 2009, reáchtáiltí gach fiosrúchán go príobháideach.

| Fiosrúcháin a reáchtáladh go poiblí/príobháideach/páirtphoiblí in 2013 | |
|---|---|
| Poiblí | 25 |
| Príobháideach | 12 |
| Páirtphríobháideach | 2 |

# Aguisín C – Staitisticí maidir le gearáin agus le Fiosrúcháin um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh

## Céatadán d'Fhiosrúcháin um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh a reáchtáladh go poiblí, go páirtphoiblí agus go príobháideach 2010-2013




## Torthaí na bhFiosrúchán um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| Ciontach i mí-iompar gairmiúil | 14 | 12 |
| Neamhfheidhmiúil chun an leigheas a chleachtadh/ Míchumas liachta iomchuí | 0 | 1 |
| Feidhmíocht ghairmiúil lag | 10 | 10 |
| Níl ciontach / Feidhmiúil chun an leigheas a chleachtadh/ Níl aon chás ann | 5 | 5 |
| Toiliú le Cáineadh / Gealltanas de bhun Alt 67 d'Acht na Lia-Chleachtóirí | 9 | 14 |
| Dífe | 1 | 11 |

**Nóta 1:** Ó tharla go bhféadfaí dochtúir a chiontú i roinnt líomhaintí éagsúla, d'fhéadfadh na figiúirí iomlána bheith níos airde ná líon na bhfiosrúchán a reáchtáladh.

**Nóta 2:** Alt 67 – Tugann sé cead don Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh iarraidh ar an dochtúir cláraithe is ábhar don ghearán:

- gealltanas a thabhairt nach n-iompróidh sé nó sí é nó í féin arís ar an tslí ab ábhar don ghearán agus/nó
- gealltanas a thabhairt go ndéanfaí é nó í a tharchur chuig scéim inniúlachta gairmiúla agus/nó
- toiliú dul faoi chóireáil liachta agus/nó
- toiliú go ndéanfaidh Comhairle na nDochtúirí Leighis é nó í a cháineadh

**Nóta 3:** Míchumas coirp nó meabhrach atá ar an gcleachtóir an sainmhíniú a thugtar in Alt 2 d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007 ar mhíchumas liachta iomchuí.


# Aguisín C – Staitisticí maidir le gearáin agus le Fiosrúcháin um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh

### Smachtbhannaí forchurtha ag an gComhairle ar dhochtúirí in 2013

| Smachtbhanna | Líon |
|---|---|
| Clárú a chealú (Acht 2007) | 4 |
| Coinníollacha | 11 |
| Fionraíocht | 1 |
| Comhairle / Iomardú / Cáineadh | 18 |
| Iomlán | 34 |

Tabhair faoi deara, le do thoil, gur féidir níos mó ná smachtbhanna amháin a fhorchur ar dhochtúir

I mí Eanáir 2013, bhreithnigh Comhairle na nDochtúirí Leighis tuarascálacha a bhain le 5 fhiosrúchán a reáchtáladh in 2012 agus breithneofar in 2014 3 fhiosrúchán a críochnaíodh in 2013



# AGUISÍN D – STAITISTICÍ MAIDIR LE SAORÁIL FAISNÉISE

| Líon na nIarratas um Shaoráil Faisnéise | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Tugtha ar aghaidh ón mbliain roimhe sin | 2 | 4 | |
| Iarratais faighte sa bhliain reatha | 9 | 25 | 16 |
| Cásanna freagartha sa bhliain reatha | 8 | 27 | 12 |
| Cásanna beo ag deireadh na bliana | 3 | 2 | 4 |

| Stádas na n-iarratas | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Ceadaithe | 4 | 11 | 6 |
| Páirtcheadaithe | 3 | 14 | 4 |
| Diúltaithe | 0 | 1 | 1 |
| Tarraingthe siar/ Taobh amuigh de Shaoráil Faisnéise | 1 | 1 | 1 |

| Cineál na n-iarratas | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Pearsanta | 5 | 17 | 7 |
| Neamhphearsanta | 4 | 8 | 8 |
| Measctha | 0 | 0 | 1 |

Comhairle na nDochtúirí Leighis
Medical Council